An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn

# EASO: Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012

## Cuid I

TÁ AN TACAÍOCHT MAR MHISEAN AGAINN

An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn

# EASO: Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012

# Cuid I

TÁ AN TACAÍOCHT MAR MHISEAN AGAINN

*Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí*
*a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach*

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2013

ISBN 978-92-9243-010-8
doi:10.2847/49986

© An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, 2013

Níl EASO ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sa tuarascáil seo.

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

# Clár ábhair


**1. An méid atá bainte amach ag EASO** ..... 7

1.1. Forbairtí ábhartha i 2012 ..... 7

1.2. Tosaíochtaí EASO i 2012 ..... 8

1.3. An difríocht a dhéanann EASO ..... 9

1.4. Torthaí EASO i 2012 ..... 10

1.4.1. Tacaíocht bhuan ..... 10

1.4.2. Tacaíocht speisialta ..... 15

1.4.3. Tacaíocht éigeandála ..... 16

1.4.4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse ..... 18

1.4.5. Tacaíocht tríú tíre ..... 19

**2. Bainistíocht agus caighdeáin rialaithe inmheánaigh** ..... 21

2.1. Bainistíocht agus eagraíocht EASO ..... 21

2.1.1. Bord Bainistíochta EASO ..... 21

2.1.2. Eagraíocht EASO ..... 22

2.1.3. Comhoibriú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ..... 23

2.1.4. An Fóram Comhchomhairleach agus comhar leis an tsochaí shibhialta ..... 24

2.2. Caighdeáin rialaithe inmheánaigh EASO ..... 25

2.3. Cur i bhfeidhm ag EASO den treochlár ar an obair leantach ar an gcur chuige comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE ..... 27

**3. Bloic thógála ionsar an Dearbhú Ráthaíochta** ..... 29

3.1. Bloc tógála 1: Measúnú ag an mbainistíocht ..... 29

3.2. Bloc tógála 2: Torthaí ó iniúchtaí 2012 ..... 29

3.2.1. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh inmheánach ..... 29

3.2.2. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh seachtrach ..... 29

3.3. Bloc tógála 3: Obair leantach maidir le háirithintí agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh iniúchtaí ó bhlianta roimhe sin ..... 30

**4. An dearbhú ráthaíochta** ..... 31


Is féidir iarscríbhinní a fháil i gCuid II, Caibidil 5.

# 1. An méid atá bainte amach ag EASO

Ba í 2012 an chéad bhliain oibríochta iomlán ag an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (EASO), agus an bhliain freisin inar deonaíodh neamhspleáchas airgeadais di. I rith 2012 mhéadaigh líon na mball foirne ó 18 go 58. Ba é buiséad EASO do 2012 ná EUR 10 milliún.

Is é misean EASO ná comhar oibríochtúil a eagrú agus a chomhordú agus tacaíocht i réimse an tearmainn a chur ar fáil. Cuireann EASO le Comhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a fhorbairt trí chomhar praiticiúil idir na Ballstáit a éascú, a chomhordú agus a neartú mar ionad neamhspleách saineolais. Sa tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO seo, tuairiscíonn EASO ar a bhfuil bainte amach aici i 2012 maidir lena clár oibre, a buiséad do 2012 agus a plean bunaíochta/plean beartais foirne ilbhliantúil a chur i bhfeidhm — agus maidir lena córais bainistíochta agus rialaithe inmheánaigh.

I gcomhréir leis an treochlár ar an obair leantach ar an gcur chuige comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE, tá EASO tiomanta do na hoibleagáidí tuairiscithe éagsúla a shruthlíniú in aon tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil amháin.

Tá tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO curtha le chéile i gcomhréir le hAirteagal 29(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (Rialachán EASO). Ghlac an Bord Bainistíochta tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO 2012 ar an 3 Meitheamh 2013. Rinne an Bord Bainistíochta na cuntais chríochnaitheacha bhliantúla, atá faoi iamh in Iarscríbhinn 5.5, a fhaomhadh ar an 13 Meitheamh. Sheol EASO an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil seo chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus chuig an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh chomh maith. Tá an tuarascáil seo ar fáil i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán EASO.

I gCaibidil 1 mínítear an méid atá bainte amach ag oibríochtaí EASO i 2012. Tugann Caibidil 2 cur síos ar struchtúr bainistíochta, eagraíochtaí agus rialú inmheánach EASO. Ghlac EASO 16 chaighdeán rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh de réir analaí. Déantar mion-chur síos ar an dul chun cinn maidir leis na 16 chaighdeán rialaithe idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm. Thairis sin, léirítear conas mar atá an treochlár ar an obair leantach ar an gcur chuige comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE á chur i bhfeidhm ag EASO. Tugann Caibidil 3 na bloic thógála ar mheasúnú thuarascáil EASO le go dtabharfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhearbhú ráthaíochta. Críochnaíonn Caibidil 4 an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil leis an Dearbhú Ráthaíochta.

I gCuid II de thuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO gheobhaidh tú na hiarscríbhinní: tuarascáil EASO ar dhul chun cinn 2012, an cur chun feidhme ag EASO de na codanna ábhartha de chlár Stócólm, liosta d'fhoilseacháin EASO i 2012, an tuarascáil maidir le rochtain ar dhoiciméid, cuntais chríochnaitheacha bhliantúla EASO, liosta de na nósanna imeachta caibidlithe eisceachtúla agus an féin-mheasúnú ar chur i bhfeidhm an treochláir ar an obair leantach ar an gcur chuige comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE.

## 1.1. Forbairtí ábhartha i 2012

Ar an gcéad dul síos tharla forbairtí suntasacha maidir leis an bpacáiste tearmainn nua i rith na bliana 2012. Bhí tionchar díreach ag na forbairtí seo ar obair EASO, ós rud é gur ceann de thascanna lárnacha EASO é cuidiú le cur chun feidhme CEAS agus tacú mar sin le cur i bhfeidhm ionstraimí dlíthiúla tearmainn an AE. I dtaca leis seo, cé gur glacadh an treoir um cháilíocht i mí na Nollag 2011, bhí idirbheartaíocht ar siúl le linn 2012 maidir le rialachán Bhaile Átha Cliath, an treoir um choinníollacha glactha, an treoir um nósanna imeachta tearmainn agus rialachán Eurodac. Beidh tionchar mór ag an bpacáiste tearmainn nua, atá le glacadh go hiomlán faoi shamhradh 2013, ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm ghníomhaíochtaí EASO i 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, thug conclúidí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB) an 8 Márta 2012 ról soiléir do EASO sa Mheicníocht Luathrabhaidh, Ullmhachta agus Bainistíochta Géarchéime de chuid Airteagal 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. Mar fhreagra, thiomnaigh EASO acmhainní dá Córas Luathrabhaidh agus

Ullmhachta (EPS) láithreach. Idir an dá linn, i 2012, bhí EASO fós ag tógáil a struchtúr bunúsach agus ag bunú na heagraíochta maidir le hearcaíocht, nósanna imeachta inmheánacha, áitreabh deiridh agus neamhspleáchas airgeadais. Thairis sin, ghlac an tÚdarás Buiséadach buiséad de EUR 10 milliún do 2012, mar a tuaradh roimhe sin, in ionad an EUR 12 mhilliún a d'iarr EASO, chomh maith le laghdú de EUR 2 mhilliún i mbuiséad 2013 EASO agus laghdú foirne de 7 bpost.

## 1.2. Tosaíochtaí EASO i 2012

I 2012, dhírigh EASO ar na 3 thosaíocht seo a leanas:

1. comhlíonadh an phlean oibriúcháin don Ghréig;
2. tuilleadh forbartha ar obair EASO i dtaca le hoiliúint, Faisnéis Tíre Tionscnaimh (COI), cáilíocht agus linn teangairí;
3. eagraíocht EASO a thógáil.

Sainíodh tosaíochtaí EASO do 2012 i gclár oibre EASO 2012. Luaigh clár oibre 2012 go sonrach go bhféadfadh athrú teacht ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí EASO mar gheall ar choinníollacha athraitheacha i staid an tearmainn san AE. Rinneadh gníomhaíochtaí EASO a ath-shainiú beagán. Roinnt samplaí:

- tugadh isteach tacaíocht speisialta, mar chuid de bhearta tacaíochta EASO. Sainmhínítear tacaíocht speisialta mar chúnamh oiriúnaithe, tógáil acmhainne, athlonnú, tacaíocht ar leith agus próisis speisialta rialaithe cáilíochta;
- tá an tábhacht a bhaineann le faisnéis agus anailís dulta i méid. Athraíodh an t-ainm a bhí ar Mheicníocht Luathrabhaidh EASO go dtí Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta EASO (EPS), tar éis plé le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún;
- mar gheall ar theorainneacha i dtaca leis an mbuiséad agus le hacmhainní daonna, cuireadh plean gníomhaíochta EASO maidir leis an ngné sheachtrach siar go dtí 2013.

Tá na spriocanna a leagadh amach i gclár oibre 2012 curtha i gcrích.

1. **Tacaíocht bhuan**

   (a) Oiliúint EASO: curaclam oiliúna agus ábhar oiliúna EASO a fhorbairt tuilleadh i gcomhchuibheas le straitéis oiliúna EASO arna glacadh i mí Iúil 2012. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar linn na saineolaithe oiliúna, agus tascanna EASO maidir le gníomhaíochtaí oiliúna a chomhlíonadh tuilleadh.
   (b) Cáilíocht: gníomhaíochtaí cáilíochta an AE maidir le measúnú cáilíochta agus meicníochtaí cáilíochta i nósanna imeachta tearmainn a fhorbairt tuilleadh.
   (c) Faisnéis Tíre Tionscnaimh (COI): tairseach COI a fhorbairt tuilleadh, modheolaíocht a shainiú, nós imeachta caighdeánaithe um chinneadh ábhair a bhunú, dhá thuarascáil COI ar an Afganastáin a fhoilsiú, ceardlanna agus comhdháil COI a eagrú.
   (d) Linn teangairí: cleachtas na linne teangairí a ath-shainiú mar liosta na dteangacha atá ar fáil.
   (e) Mionaoisigh neamhthionlactha (UManna): tús a chur le heolas a roinnt, na Ballstáit a spreagadh chun a ndea-chleachtais maidir le UManna agus le measúnú aoise a roinnt, agus obair a bheith tosaithe ar rianú teaghlaigh.

2. **Tacaíocht speisialta**

   (a) Tacaíocht oiriúnaithe agus tógáil acmhainne sa tSualainn.
   (b) Na bearta athlonnaithe laistigh den AE a thuairisc, malartú faisnéise agus dea-chleachtas a eagrú, agus modheolaíochtaí agus uirlisí a shainiú le haghaidh thacaíocht EASO don athlonnú laistigh den AE.

3. **Tacaíocht éigeandála**

   (a) An Díorma um Idirghabháil Tearmainn (AIP) a fhorbairt tuilleadh, ag méadú sholúbthacht an AIP de suas le 20 próifíl.
   (b) Foirne Tacaíochta Tearmainn (ASTanna) a imscaradh sa Ghréig i gcomhréir le plean oibriúcháin EASO

agus a leasuithe le haghaidh na Gréige. ASTanna a imscaradh i Lucsamburg i gcomhréir le plean oibriúcháin EASO Lucsamburg.

(c) Ullmhú le haghaidh tacaíocht éigeandála todhchaí trí mhodheolaíochtaí agus dea-chleachtas d'oibríochtaí tacaíochta a fhorbairt.

4. **Tacaíocht faisnéise agus anailíse**

(a) Tuarascáil bhliantúil EASO 2011 a fhoilsiú i mí Iúil 2012.
(b) An chéad chéim den Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta a chur ar bun.

5. **Tacaíocht Tríú Tíre**

(a) Malartú faisnéise agus dea-chleachtas a eagrú, agus modheolaíochtaí agus uirlisí a shainiú do ghné comhordaithe Eorpaigh an athlonnaithe tríd an gcomhdháil athlonnaithe i mí Dheireadh Fómhair 2012.
(b) Céad-réamhghníomhartha EASO maidir leis an ngné sheachtrach.

6. **Eagraíocht EASO**

(a) D'eagraigh sí ceithre chruinniú den Bhord Bainistíochta i 2012.
(b) Aistriú chuig áitreabh deifnídeach EASO i gCuan Valletta i mí Mheán Fómhair 2012.
(c) Straitéis chumarsáide EASO, arna glacadh i mí Mheán Fómhair 2012, a fhorbairt agus a thabhairt chun críche.
(d) Caidreamh láidir comhoibrithe le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara EASO a bhunú, mar shampla, síniú an tsocraithe oibre le Frontex.
(e) An Fóram Comhchomhairleach a fhorbairt go hiomlán, lena n-áirítear uirlisí le haghaidh comhairliúcháin.

## 1.3. An difríocht a dhéanann EASO

Is é príomhtháscaire feidhmíochta EASO, a bheidh in úsáid le haghaidh chlár oibre EASO do 2014 agus ar aghaidh, an gá atá léirithe le haghaidh thacaíocht agus ghníomhaíochtaí EASO agus an sásamh leis an tacaíocht a thug sí do na Ballstáit agus iad ag cur CEAS chun feidhme. Cheana féin sa tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012 seo, tabharfaidh EASO léiriú ar a feidhmíocht, bunaithe ar an bpríomhtháscaire feidhmíochta foriomlán seo.

Bhí tionchar suntasach ag obair EASO, ar leibhéil éagsúla, ar chur chun feidhme CEAS san Aontas Eorpach. Is féidir gníomhaíochtaí EASO a achoimriú i gcúig phríomhghníomhaíocht: tacaíocht bhuan, tacaíocht speisialta, tacaíocht éigeandála, tacaíocht faisnéise agus anailíse agus tacaíocht tríú tíre. Maidir le tacaíocht bhuan, d'eagraigh EASO 14 sheisiún oiliúna-don-oiliúnóir i Málta, dhá sheisiún oiliúna i Lucsamburg agus seisiún oiliúna-don-oiliúnóir amháin sa Ghréig, thug sí naoi modúl oiliúna cothrom le dáta, ghlac sí straitéis oiliúna agus d'eagraigh sí an seimineár teagascach bliantúil. Chomh maith leis sin d'fhorbair EASO modheolaíocht measúnaithe cáilíochta, d'eagraigh sí 16 chruinniú mheithleacha COI agus an Tascfhórsa COI, d'fhorbair sí a modheolaíocht COI tuilleadh, d'fhoilsigh sí dhá thuarascáil COI ar an Afganastáin, d'eagraigh sí trí cheardlann um chomhar praiticiúil agus shocraigh sí ceithre chruinniú saineolaithe ar mhionaoisigh neamhthionlactha. I gcatagóir na tacaíochta speisialta, sheol EASO tacaíocht speisialta go dtí an tSualainn agus chuir sí a tuarascáil aimsithe fíricí maidir le bearta athlonnaithe laistigh den AE faoi bhráid na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin.

Maidir le tacaíocht éigeandála, chuir EASO tacaíocht éigeandála ar fáil don Ghréig i rith na bliana ar fad agus i mí Feabhra 2012 do Lucsamburg. Maidir le catagóir na tacaíochta faisnéise agus anailíse, d'fhoilsigh EASO a tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE i 2011. Thairis sin, rinne EASO anailís luathrabhaidh agus prognóis treochtaí ar staid an tearmainn san AE agus chuir sí faoi bhráid na Comhairle agus na gcomhpháirtithe eile iad. Rinneadh anailís shonrach agus cuireadh sonraí le chéile faoi staid an tearmainn maidir leis an tSiria, agus eagraíodh dhá cheardlann maidir leis an tSiria chomh maith. Maidir le tacaíocht tríú tíre, d'eagraigh EASO comhdháil ar athlonnú, agus ghlac sí páirt i roinnt cruinnithe laistigh de chreat chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta an AE leis an Túinéis agus Maracó agus phróiseas Bhúdaipeist.

Chuir gníomhaíochtaí EASO go dearfach le cur chun feidhme CEAS. Is fiú a lua gur mór ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle, ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit obair EASO agus d'iarr siad, arís agus arís eile, gníomhaíochtaí breise agus leathnaithe de chuid EASO. Mar shampla, tuarann conclúidí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB) an 8 Márta 2012 ról tábhachtach do EASO sa Mheicníocht Luathrabhaidh, Ullmhachta agus Bainistíochta Géarchéime atá tuartha in Airteagal 33 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

## 1.4. Torthaí EASO i 2012

Sa chaibidil seo cuirtear toradh EASO maidir le gach gníomhaíocht ar fáil. Gheofar tuarascáil iomlán ar dhul chun cinn sna gníomhaíochtaí éagsúla in Iarscríbhinn 5.1. Thairis sin, in Iarscríbhinn 5.2 tá an cur chun feidhme ag EASO de na tosaíochtaí a shanntar do EASO i gclár Stócólm ar fáil.

### 1.4.1. Tacaíocht bhuan

#### Oiliúint EASO

Ceithre sheisiún déag oiliúna-don-oiliúnóir i Málta

D'oil EASO 160 oiliúnóir

Trí sheisiún is nócha oiliúna náisiúnta

Oileadh 1 146 oifigeach tearmainn san AE

Straitéis oiliúna EASO arna glacadh

Dhá sheisiún oiliúna náisiúnta i Lucsamburg

Cúig sheisiún oiliúna náisiúnta agus seisiún oiliúna-don-oiliúnóir amháin sa Ghréig

Naoi modúl oiliúna tugtha cothrom le dáta

Dhá chruinniú i Málta um thraenáil Phointí Teagmhála Náisiúnta

Dhá mhodúl nua oiliúna tionscanta le haghaidh forbartha

Seimineár teagascach bliantúil EASO

Cruinniú bliantúil le grúpa tagartha oiliúna

Tosaigh ag forbairt oiliúna do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí

Aistriú fhreastalaithe Churaclam na hEorpa do Chúrsaí Tearmainn (EAC) go EASO

Nuair a glacadh straitéis oiliúna i mí Iúil 2012, bhunaigh EASO creat soiléir do sholáthar tacaíochta oiliúna de réir Airteagal 6 de Rialachán EASO. I gcomhréir leis an bhfreagracht a shanntar do EASO sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dlúthpháirtíocht fheabhsaithe laistigh den AE i gcúrsaí tearmainn, agus i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit, chuir EASO tús le córas a fhorbairt, cró oiliúna EASO, chun cabhrú leis na Ballstáit maidir le spriocanna oiliúna náisiúnta a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit maidir le foireann agus oiliúint, d'fhorbair EASO anailísí amhairc samplacha a cuireadh i láthair ag an mBord Bainistíochta i mí Mheán Fómhair 2012. Ina theannta sin, ghlac EASO moltaí oiliúna ar leith chun comhthuiscint ar uirlisí oiliúna EASO a éascú, eadhon curaclam oiliúna EASO.

Cé go bhfuil EASO fós ag obair ar an gcró oiliúna a fhorbairt tuilleadh, d'éirigh leis an gcóras cheana féin soláthar oiliúna a spreagadh agus plé ar spriocanna oiliúna comónta a chur chun cinn. Toisc an staid a bheith á léiriú ó thaobh dhearcadh an AE de, tá feasacht ar thábhacht na hoiliúna do chur chun feidhme CEAS á méadú freisin.

I rith 2012, thug EASO do na Ballstáit ábhair oiliúna ar ardchaighdeán agus tacaíocht maidir le heagrú oiliúna agus seachadadh cúrsaí oiliúna. Cuireadh tacaíocht den sórt sin ar fáil go príomha trí churaclam oiliúna EASO a chur i bhfeidhm, curaclam a chlúdaíonn gnéithe lárnacha den nós imeachta tearmainn trí 13 mhodúl idirghníomhacha ([1]) a úsáideann modheolaíocht foghlama cumaisc, ag ceangal le chéile an ríomhfhoghlaim ar líne agus seisiúin aghaidh ar aghaidh.

Déanann EASO ábhair oiliúna a fhorbairt agus a nuashonrú le cúnamh ó fhoirne eolacha cleachta de shaineolaithe tarraingthe ó linn de níos mó ná 180 saineolaí ó 16 Bhallstát, an Eilvéis agus an Iorua a bunaíodh i 2011. Chun laghdú ar an riosca a bhaineann leis an infhaighteacht theoranta d'oiliúnóirí, neartaigh EASO a struchtúr trí nósanna imeachta agus cleachtais shoiléire a ghlacadh.

Bhunaigh EASO grúpa tagartha freisin, ar a mbeidh ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla, go sonrach an Coimisiún Eorpach, UNHCR, Cumann Idirnáisiúnta Bhreithiúna an Dlí um Dhídeanaithe (IARLJ), Academia (Odysseus Network) agus an Chomhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe (ECRE) a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le hábhair oiliúna EASO a fhorbairt agus a nuashonrú.

I 2012, thug EASO naoi gcinn dá mhodúil oiliúna cothrom le dáta agus chuir sí tús le dhá mhodúl nua, ar theicnící agallaimh agus ar CEAS, a fhorbairt. Thionóil sí freisin 14 sheisiún oiliúna-don-oiliúnóir i Málta le haghaidh breis agus 160 oiliúnóir náisiúnta ó 19 mBallstát agus thug sí tacaíocht do na Ballstáit le níos mó ná 100 seisiún oiliúna náisiúnta a eagrú in 12 Bhallstát den AE ónar bhain os cionn 1 100 rannpháirtí tairbhe. Ina theannta sin, tugadh oiliúint shonrach EASO — laistigh de chreat thacaíocht éigeandála EASO — do Lucsamburg (dhá sheisiún i mí Eanáir 2012) agus don Ghréig (cúig sheisiún oiliúna náisiúnta agus seisiún oiliúna-don-oiliúnóir amháin). Measann EASO gur beart suntasach é seo a thacaíonn le cur chuige inbhuanaithe EASO maidir le hoiliúint.

I rith na bliana, d'ullmhaigh EASO soláthar seirbhísí cothabhála agus tacaíochta chun dúshláin teicniúla a eascraíonn as oibriú an ardáin ar líne a íoslaghdú agus chun bainistiú tráthúil an ábhair oiliúna agus na gcúrsaí a éascú.

Sonraítear in Airteagal 6 de Rialachán EASO go soláthróidh agus go bhforbróidh EASO oiliúint a bheidh ar fáil do bhaill na gcúirteanna agus na mbinsí sna Ballstáit. Chun na críche sin, bainfidh EASO leas as saineolas institiúidí acadúla agus eagraíochtaí ábhartha eile, agus cuirfidh sí san áireamh an comhoibriú atá á dhéanamh ag an Aontas cheana sa réimse le meas iomlán ar neamhspleáchas na gcúirteanna náisiúnta agus na mbinsí náisiúnta.

Chun dul i ngleic leis an tasc dúshlánach seo ar bhealach ciallmhar agus ómósach, d'fhéach EASO le tacaíocht ó IARLJ agus ó Chumann Bhreithiúna Riaracháin na hEorpa (AEAJ) agus ghlac sí páirt i bpróiseas comhairliúcháin le comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí ar fud an AE. Chothaigh cruinniú a reáchtáladh i mí na Nollag machnamh fiúntach ar phrionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh, agus malartú tuairimí ar an ról is féidir le cinnteoirí na dara céime a ghlacadh i gcur chun feidhme CEAS. Mar ullmhúchán don chruinniú, d'eisigh EASO ceistneoir a thug forbhreathnú ar institiúidí agus chomhlachtaí ábhartha a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le cúrsaí tearmainn agus faisnéis maidir le raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh i mBallstáit éagsúla. Dheimhnigh an rannpháirtíocht leathan ard-leibhéil sa chruinniú seo go bhfuil suim mhéadaitheach ag baill chúirte agus bhinse gabháil do ghníomhaíochtaí EASO, mar aon le tiomantas maidir lena ndícheall a dhéanamh le haghaidh comhsheasmhachta i gcinnteoireacht na dara céime.

Ina theannta sin, tugann an machnamh a rinneadh i rith na bliana bunús maith le haghaidh plean oibre chun go dtabharfadh EASO tacaíocht oilte do chúirteanna agus do bhinsí sna Ballstáit i 2013, lena n-áirítear comhdhlúthú straitéise maidir le smaoineamh ar bhunachar sonraí píolótach dhlí-eolaíocht an AE a bhunú chomh maith le tionscnaimh forbartha gairmiúla a chuirfeadh ar fáil do bhreithiúna nuacheaptha agus cleachta an dlí um dhídeanaithe.

([1])Is iad na 13 mhodúl: 1. Dlí Idirnáisiúnta um Dhídeanaithe agus Cearta an Duine, 2. an Comhchóras Eorpach Tearmainn, 2.1. Rialachán Bhaile Átha Cliath, 3. Cuimsiú, 3.1. Eisiamh, 3.2. Deireadh Cosanta, 4. Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, 5. Faisnéis Tíre Tionscnaimh, 6. Teicnící Agallaimh, 6.1. Agallóireacht Leanaí, 6.2. Agallóireacht Daoine Leochaileacha, 7. Measúnú Fianaise, 8. Dréachtú agus Cinnteoireacht. Tá an modúl "an Comhchóras Eorpach Tearmainn" á fhorbairt agus ba chóir é a bheith réidh faoi dheireadh na bliana seo.

## Próisis cháilíochta

Modheolaíocht measúnaithe cáilíochta a fhorbairt chun teacht ar mhaitrís cháilíochta mar thionscnamh tacaíochta dírithe ar thorthaí chun cur ar chumas na mBallstát dea-chleachtais, uirlisí agus saineolas cáilíochta a mhalartú i réimse an tearmainn

Tógann gníomhaíochtaí cáilíochta EASO ar na hiarrachtaí a dhéanann na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, UNHCR agus páirtithe leasmhara ábhartha eile trí chur ar chumas na mBallstát dea-chleachtais uirlisí agus saineolas a mhalartú. Éascaíonn EASO an malartú seo tríd an maitrís cháilíochta arna seoladh i 2012.

Tionscnamh tacaíochta atá dírithe ar thorthaí is ea an mhaitrís cháilíochta, a ghabhtar de láimh i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach. Tá sé dírithe ar gach réimse de CEAS a chlúdach go cuimsitheach, ag bailiú eolais atá cothrom le dáta faoin staid ar an talamh. Beidh na torthaí á n-úsáid chun bunachar sonraí de dhea-chleachtais, meicníochtaí agus uirlisí cáilíochta, agus tionscadail agus tionscnaimh cháilíochta a fhorbairt agus a chothabháil. Cuireann an mhaitrís cháilíochta ar chumas EASO riachtanais tacaíochta a shainaithint freisin. Bunaithe ar anailís leanúnach, déanfaidh EASO táirgí agus uirlisí ábhartha a mheas agus a fhorbairt chun cabhrú leis na Ballstáit ard-chaighdeáin cháilíochta a chur chun feidhme go héifeachtach ina gcuid próiseas tearmainn.

Braitheann próiseas na maitríse cáilíochta go mór ar chomhoibriú gníomhach ó na Ballstáit. Tá a dtacaíocht riachtanach ag an gcéim thosaigh, nuair a bhíonn eolas á bhailiú, agus le linn na gcruinnithe téamacha chomh maith. Tá sé mar aidhm ag EASO spéis agus rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát sa bheart a chothabháil tríd an ualach ar acmhainní na mBallstát a chothromú agus trí bhreisluach na ngníomhaíochta tacaíochta seo.

Tar éis chéim ullmhúcháin inmheánach EASO agus réamh-chomhairliúchán le comhpháirtithe roghnaithe, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus UNHCR, thosaigh na gníomhaíochtaí maitríse cáilíochta le cruinniú tionscanta i mí na Samhna 2012 agus d’áirigh siad na Ballstáit i bpróiseas gníomhach comhairliúcháin.

Faoi dheireadh na bliana 2012, thug EASO modheolaíocht agus cuspóirí na maitríse cáilíochta isteach agus reáchtáil sí comhairliúcháin chríochnúla leis na gníomhaithe ábhartha. Sa chomhairliúchán seo rinneadh tuilleadh forbartha ar mhodheolaíocht na maitríse cáilíochta ag cur na dtuairimí agus na moltaí a fuarthas ó na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus páirtithe leasmhara eile san áireamh.

Mar chuid de bhunachar sonraí todhchaí na ndea-chleachtas, d’fhorbair EASO liosta de thionscadail agus de thionscnaimh i 2012. Tiomsaíodh an liosta chun freastal ar an ngá ag na Ballstáit le faisnéis iontaofa agus cothrom le dáta ar na tionscadail agus na tionscnaimh a tharla sna Ballstáit ó 2004 i leith. Tá sé dírithe ar bheith ina phointe maith tagartha do na torthaí agus do na huirlisí arna gcruthú ag na tionscadail seo. Déantar é a fhorbairt agus a nuashonrú go rialta le tuilleadh faisnéise arna cur ar fáil ag na Ballstáit, agus trí uirlisí taighde na maitríse cáilíochta.

## Faisnéis Tíre Tionscnaimh

Dhá thuarascáil COI EASO ar an Afganastáin

Tuarascáil EASO um modheolaíocht COI

Comh-thairseach COI Eorpach

Glacadh cur chuige ghréasán COI

Ag tógáil ar shaineolas na mBallstát, ar thaithí ó chomhar roimhe seo agus ar líonraí reatha réigiúnacha agus ar fud an AE, i 2012 mhéadaigh EASO tuilleadh a cumas chun déileáil le saincheisteanna COI agus d’eagraigh sí a céad ghníomhaíochtaí COI ar leith. Chun feidhm COI EASO a bhunú, chuir EASO struchtúir éagsúla chomhairliúcháin ar bun ina raibh aonaid COI náisiúnta agus an Coimisiún Eorpach san áireamh. Fuarthas ionchur ó thascfhórsa agus ó ghrúpa tagartha maidir le ceisteanna ginearálta agus cruthaíodh meithleacha sonracha um modheolaíocht, um chomhar praiticiúil, um chomh-thairseach COI agus um bainistíocht eolais.

Le cabhair ón Meitheal um Modheolaíocht, d'fhorbair EASO modheolaíocht chun tuarascálacha anailíseacha COI EASO a dhréachtú. Bunaithe ar an modheolaíocht seo, dhréachtaigh EASO dhá thuarascáil COI ar an Afganastáin. I mí Iúil, d'fhoilsigh EASO an tuarascáil "Afghanistan: Taliban strategies — recruitment" (An Afganastáin: Straitéisí talabanacha — Earcaíocht). Cuireadh aiseolas ar an gcéad tuarascáil COI san áireamh nuair a bhí an dara tuarascáil á dréachtú. Foilsíodh "Insurgent strategies: Intimidation and targeted violence against Afghans" (Straitéisí ceannairceach: Imeaglú agus foréigean spriocdhírithe i gcoinne Afganastánach) i mí na Nollag. Chuir dréachtú an dá thuarascáil san áireamh anailís leathan ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh chomh maith le rialú cáilíochta trí athbhreithniú piaraí.

I gcomhthéacs na tacaíochta oibríochtúla ó EASO don Ghréig, chuidigh roinnt de na Ballstáit le EASO trí bhileoga eolais COI ar na príomhthíortha tionscnaimh a fhorbairt.

Le tacaíocht ón Meitheal um Chomh-thairseach COI, rinne EASO an chomh-thairseach COI Eorpach a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh. Tar éis gur dhear an Coimisiún Eorpach í mar phointe iontrála singil gréasán-bhunaithe do na Ballstáit chun rochtain ar COI, aistríodh an tairseach ar deireadh go EASO ag deireadh na bliana 2012, tar éis céimeanna éagsúla forbartha. Thacaigh an Mheitheal um Chomh-thairseach COI le feidhmiúlachtaí nua na tairsí a shainiú (córas fógartha, hipearnaisc, struchtúr crainn agus leathanach tosaigh don limistéar uaslódála) agus d'fhorbair sé rialacha tí maidir le húsáid an limistéir uaslódála. I 2012, cheangail bunachair shonraí na Fraince agus na hIorua le MILo (an Ghearmáin) ar an tairseach, agus táthar ag súil le bunachair shonraí náisiúnta eile a bheith nasctha le linn 2013 (an tSualainn, an Fhionlainn).

Go déanach i 2012, d'oibrigh EASO ar thogra a fhorbairt le go nglacfadh EASO cur chuige líonra COI maidir le COI ar leibhéal an AE (arna cheadú ag Bord Bainistíochta EASO i mí Feabhra 2013). Nascann an cur chuige gníomhaíochtaí éagsúla EASO a bhaineann le COI i struchtúr comhtháite agus baineann sé úsáid as na hacmhainní atá ar fáil ar an mbealach is éifeachtaí. Is iad an dá ghné lárnacha ("inneall an chórais") de straitéis líonra COI EASO ná: (1) líonra straitéiseach COI a chruthú, comhdhéanta de Cheannairí COI na nAonad nó saineolaithe as na Ballstáit uile, tíortha gaolmhara, an Coimisiún Eorpach agus UNHCR, chun ceisteanna a phlé ar leibhéal straitéiseach — lena n-áirítear cleachtais chontrártha COI; agus (2) sraith de shainlíonraí saineolaithe a bhailíonn saineolaithe COI ó na Ballstáit ar thír, réigiún, nó théama ar leith, ar féidir leo faisnéis a mhalartú agus cleachtais COI a chomhchuibhiú ina réimse saineolais ar leith. Déanfaidh EASO an dá chineál líonra a éascú agus a chomhordú, agus gníomhóidh sí mar rúnaíocht agus bainisteoidh sí na hacmhainní a shanntar do ghníomhaíochtaí COI i gclár oibre na gníomhaireachta.

## Liosta EASO de na teangacha atá ar fáil

Bunú liosta EASO de na teangacha atá ar fáil

Tá liosta EASO de na teangacha atá ar fáil (264 faoi láthair) i bhfeidhm. Áirítear ar an liosta sin gach teanga a bhíonn ar fáil go ginearálta i dtaca le haistriúchán díreach ón teanga iasachta ainmnithe go dtí máthairtheanga an Bhallstáit ainmnithe.

Eagraíodh cruinniú idir EASO agus na Pointí Teagmhála Náisiúnta mar phointí fócasacha i gcúrsaí ateangaireachta (FPI NCP) ar an 23 agus an 24 Bealtaine 2012 i Málta. Caithfear a chur san áireamh nach státseirbhísigh iad na teangairí a bhíonn á n-úsáid ag na Ballstáit i gcúrsaí tearmainn go ginearálta, ach daoine féinfhostaithe. Dá bhrí sin, níl na hiontrálacha i liosta EASO ina ráthaíocht go mbeidh teanga áirithe ar fáil má iarrann Ballstát eile í.

## Comhoibriú praiticiúil EASO

Cruinniú iomlánach Eurasil um aistriú

Dhá cheardlann faoin tSiria

Comhdháil ar an Afganastáin

I 2012, thug Meitheal um Chomhoibriú Praiticiúil moltaí do EASO maidir leis an tslí is fearr chun ceardlanna le saineolaithe a eagrú, ag cur san áireamh ghníomhaíochtaí, mhodheolaíochtaí agus uirlisí an líonra Eorpaigh do chleachtóirí tearmainn, Eurasil, a aistríodh chuig EASO i mí an Mhárta 2012 le linn cruinniú iomlánach um aistriú.

Mar fhreagra ar an staid atá ag teacht chun cinn sa tSiria agus a tionchar ar Bhallstáit an AE, d'eagraigh EASO a céad cheardlann um chomhar praiticiúil maidir leis an tSiria, ar an 28 agus an 29 Meitheamh i Málta. Mhair an cheardlann seo ar an tSiria thar lá go leith, agus, den chéad uair, thug an cruinniú seo speisialtóirí agus cleachtóirí polasaí COI le chéile. Pléadh roinnt saincheisteanna beartais agus COI, a bhí aitheanta roimh an gceardlann trí cheistneoir, i roinnt fo-sheisiún (lena n-áirítear measúnú riosca um Choirdínigh, malairtí eitilte intíre, an cor slándála, éilimh *sur place*, frithbheartaíocht armtha agus neamh-armtha).

I mí Lúnasa, ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach i gcomhthéacs Líonra an tSiria, dhírigh ceardlann leantach faoin tSiria ar shaincheisteanna beartais bunaithe ar chás. Thug cainteoirí (UNHCR, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII) agus lucht acadúil) an t-eolas cuimsitheach is deireanaí faoi staid na ndídeanaithe i dtíortha comharsanachta agus faoin gcomhthéacs slándála.

I mí na Samhna, d'eagraigh EASO comhdháil ar "Afghanistan: Country of Origin Information and beyond" (An Afganastáin: Faisnéis Tíre Tionscnaimh agus tuilleadh). Chuimsigh an chomhdháil léirithe ó shaineolaithe tábhachtacha ar an Afganastáin, fo-sheisiúin ar réimse leathan ábhar, chomh maith le plé ar conas coinneáil ag forbairt modheolaíochtaí agus uirlisí a chuideodh leo siúd go léir a bhfuil baint acu leis an riar cásanna Afganastánach chun gníomhú ar bhealach níos oilte. Ag an gcomhdháil freisin, chomh maith le saineolaithe ó na Ballstáit, d'fhreastail breithiúna, lucht acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar speisialtóirí iad um an Afganastáin.

## Mionaoisigh neamhthionlactha

Seisiún tosaigh EASO ar mhionaoisigh neamhthionlactha agus measúnú aoise

Ceithre chruinniú saineolaithe ar mhionaoisigh neamhthionlactha agus measúnú aoise

Déantar obair EASO ar mhionaoisigh neamhthionlactha laistigh de chreat phlean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh do mhionaoisigh neamhthionlactha (2010–14) ([2]), a mholann cur chuige comhchoiteann chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le líon mór mionaoiseach neamhthionlactha bheith ag teacht isteach san Aontas Eorpach. Tá an plean gníomhaíochta dírithe ar leas an linbh agus leagann sé amach trí phríomhrud le haghaidh gníomhaíochta: cosc, cosaint agus buanréitigh.

Idir Feabhra agus Aibreán 2012 choimisiúnaigh EASO ceistneoir chuig na Ballstáit ar an mbeartas agus cleachtas reatha a bhaineann le measúnú aoise agus mionaoisigh neamhthionlactha. Ina dhiaidh sin bhí comhairliúchán níos leithne le saineolaithe ábhartha ón tsochaí shibhialta (lucht acadúil, eagraíochtaí idir-rialtasacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cleachtóirí leighis), baill chúirteanna agus bhinsí sna Ballstáit, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí eile de chuid an AE.

Le linn 2012 thionóil EASO sraith cruinnithe saineolaithe ar mheasúnú aoise, a d'fhéach le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna, dúshláin agus dea-chleachtais phríomha atá ar fáil. Ba í an aidhm ná roinnt na faisnéise agus malartú cleachtas a éascú. In éineacht le riaracháin na mBallstát agus an Coimisiún Eorpach bhí cleachtóirí ábhartha eile a bhfuil saineolas acu sa réimse, lena n-áirítear UNHCR, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí sna Ballstáit, cleachtóirí leighis, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus UNICEF. Trí rannpháirtíocht a thabhairt do shaineolaithe ábhartha eile, leathnaigh EASO an díospóireacht le raon peirspictíochtaí á gcur san áireamh, rud a chuir arís leis an scóip don chomhoibriú comhpháirteach ní hamháin idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach, ach idir gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile AE freisin. Ba é an toradh air sin ná gur cruthaíodh comhdháil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha agus gur bunaíodh líonra saineolaithe.

([2]) Sa phlean gníomhaíochta, a fheidhmeofar ó 2010-14, tá na cúraimí seo a leanas sannta do EASO: feabhas suntasach ar an malartú faisnéise maidir le mionaoisigh neamhthionlactha (UManna); sonraí a bhailiú agus COI agus anailís a fhorbairt chun riachtanais chosanta UManna a mheasúnú d'fhonn tacú níos fearr le cinntí ardchaighdeáin; monatóireacht a dhéanamh ar cheist na UManna atá ina n-iarrthóirí tearmainn; dea-chleachtais a fhorbairt maidir le coinníollacha glactha, nósanna imeachta tearmainn agus comhtháthú UManna; agus doiciméadúchán teicniúil maidir le measúnú aoise, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna, oiliúint shonrach agus lámhleabhar ar mheasúnú aoise a fhorbairt.

Thug an seisiún deiridh ar mheasúnú aoise deis maidir le raon feidhme agus inneachar an lámhleabhair ar mheasúnú aoise a shainiú. Le linn an tseisiúin seo chuir EASO i láthair dréachtchreatlach d'ábhar le bheith sa lámhleabhar agus d'iarr sí ar rannpháirtithe aiseolas a sholáthar agus ionchur breise a chur ar fáil lena bhreithniú. Tosaíodh ar lámhleabhar EASO, a thabharfaidh treoir maidir le saincheisteanna measúnaithe aoise, a dhréachtú i 2012 agus tá sé le foilsiú i 2013.

Thairis sin, bhí obair EASO ar mhionaoisigh neamhthionlactha léirithe freisin ag comhdháil EASO ar "Afghanistan: Country of Origin Information and beyond" (An Afganastáin: Faisnéis Tíre Tionscnaimh agus tuilleadh), a tionóladh i mí na Samhna, i bhfoirm ceardlainne a thug aghaidh ar an ngá le Faisnéis Tíre Tionscnaimh dírithe ar linbh a fhorbairt. Thairis sin, i 2012, thosaigh obair ar rianú teaghlaigh freisin.

Is féidir eolas breise ar ghníomhaíochtaí de chuid EASO agus gníomhaithe eile maidir leis an bplean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha a fháil sa tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal "An tuarascáil lár téarma ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha" agus i ndoiciméad oibre fhoireann an Choimisiúin ([3]).

## 1.4.2. Tacaíocht speisialta

### Tacaíocht oiriúnaithe agus tógáil acmhainne

Rinneadh plean tacaíochta speisialta EASO don tSualainn a shíniú i mí na Nollag 2012

Iarratas ón Iodáil ar thacaíocht speisialta

Tar éis iarratais ó Bhord Imirce na Sualainne agus i gcomhréir le Rialachán EASO, thug EASO tacaíocht speisialta don tSualainn go luath i 2013. Chuir an Tacaíocht Speisialta seo san áireamh an gá atá leis an gcóras tearmainn a neartú le pearsanra níos oilte.

Comhaontaíodh leis an tacaíocht speisialta ós rud é nach raibh na modúil oiliúna EASO ábhartha sceidealta ag EASO nuair a theastaigh ó Bhord Imirce na Sualainne go ndéanfaí a phearsanra a oiliúint. Síníodh plean tacaíochta speisialta dá bhrí sin idir EASO agus Bord Imirce na Sualainne i mí na Nollag 2012. Thacaigh EASO leis an tSualainn le hoiliúint do Bhord Imirce na Sualainne ar an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus cearta an duine agus ar chuimsiú, i mí Feabhra 2013.

D'iarr an Iodáil tacaíocht speisialta chun feabhas a chur ar Chóras Tearmainn agus Fáiltithe na hIodáile. Chinn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an 13 Nollaig 2012 tacaíocht speisialta a sholáthar don Iodáil trí shaineolas comhpháirteach idir EASO agus na Ballstáit, toisc go bhfuil dúshláin mhóra roimh chóras tearmainn agus fáiltithe na hIodáile faoi láthair. Beidh leagan amach agus síniú an phlean tacaíochta speisialta don Iodáil á dtabhairt i gcrích i 2013. Tá an t-iarratas ón Iodáil ar thacaíocht speisialta an-tráthúil maidir le cur chun feidhme an phacáiste tearmainn, a chuirfidh dúshláin bhreise roimh chóras tearmainn agus fáiltithe na hIodáile.

### Athlonnú

Tuarascáil aimsithe fíoras ar thionscadail athlonnaithe laistigh den AE ó Mhálta

Tar éis chonclúidí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB) i mí an Mhárta 2012, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar EASO tuarascáil ar na bearta athlonnaithe laistigh den AE ó Mhálta a dhréachtú. Chuimsigh an tuarascáil freisin an Iorua agus an Eilvéis, UNHCR agus IOM (ceannairí tionscadail). Chomhlánaigh gach Ballstát den AE, na tíortha comhlachaithe agus na ceannairí tionscadail ceistneoirí ábhartha a chuir EASO chucu. Rinneadh roinnt agallamh, cuid acu le tairbhithe athlonnaithe.

([3]) http://europa.eu/rapid/press-release_IP-12-1033_en.htm?locale=en

Bhailigh EASO na torthaí le chéile i dtuarascáil agus chuir sí go dtí an Coimisiún Eorpach í i mí Iúil 2012. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Bhord Bainistíochta EASO ansin i mí Mheán Fómhair. Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO an tuarascáil i láthair ag lón aireachta Chomhairle CGB Dheireadh Fómhair 2012, agus ina dhiaidh sin do Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh an tuarascáil a phoibliú ansin.

Dheimhnigh tuarascáil EASO gur ar bhonn polaitiúil go mór mór a sheasann na Ballstáit lena gcinneadh maidir le páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh i mbearta den sórt sin. Tá tuairimí éagsúla curtha in iúl ag na Ballstáit mar gheall ar úsáid a bhaint as athlonnú. Cé gur sheas roinnt de na stáit rannpháirteacha leis an tuairim go raibh bearta deonacha *ad hoc* athlonnaithe le Málta ina n-uirlis táigiúil chun dlúthpháirtíocht laistigh den AE a léiriú, agus go ginearálta go ndearna siad iad a mheasúnú go dearfach, bhí faitíos ar stáit eile dá n-úsáidfí an t-athlonnú ina aonar go rialta agus go fadtréimhseach i gcásanna brú dhíréirigh go bhféadfadh sé imirce neamhrialta a chothú agus dá bhrí sin cur leis an mbrú seachas é a laghdú.

Léiríodh freisin, ámh, go bhfuil dóchas ann go bhfeicfear tionscadail níos rathúla den chineál céanna sa todhchaí agus go bhféadfaí feabhas mór a chur ar phróisis chreat reatha an thionscadail phíolótaigh maidir le hathlonnú laistigh den AE ó Mhálta (Eurema). Mar sin féin, cé gur féidir leis an athlonnú réitigh bhuana a thairiscint do thairbhithe na cosanta idirnáisiúnta agus cuidiú le córais tearmainn na mBallstát, níor cheart gur aistriú freagrachta a bheadh mar thoradh air. Go deimhin, d’áitigh roinnt freagróirí gur cheart athlonnú laistigh den AE a bheith mar chuid de réimse beart dlúthpháirtíochta laistigh den AE, lena n-áirítear tógáil acmhainne, cineálacha eile comhoibrithe phraiticiúil agus tacaíocht airgeadais solúbtha, agus ról lárnach á imirt ag EASO i gcomhréir lena Rialachán bunaidh.

Thug an Coimisiún Eorpach le fios go mbeidh bealach chun cinn á mholadh aige maidir le hathlonnú. Chruthaigh an Coimisiún an raon feidhme le haghaidh cómhaoiniú ón Aontas do ghníomhaíochtaí den sórt sin sa togra um Chiste Tearmainn agus Imirce (AMF), a chomhdhlúthaíonn agus a fhorbraíonn tuilleadh an méid is féidir a dhéanamh faoin gCiste Eorpach um Dhídeanaithe (ERF) cheana féin. Éascóidh sé seo gníomh ó na Ballstáit atá toilteanach dul i mbun tionscadal deonach, agus ról comhordaithe á ghlacadh ag EASO.

## 1.4.3. Tacaíocht éigeandála

### An Díorma um Idirghabháil Tearmainn

Cruinniú Pointí Teagmhála Náisiúnta

Cinneadh ó Bhord Bainistíochta EASO ar an Díorma um Idirghabháil Tearmainn ina bhfuil 20 próifíl

Le Cinneadh Uimh. 3 ó Bhord Bainistíochta EASO ar líon foriomlán agus próifílí na saineolaithe a chuirfear ar fáil d’Fhoirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (an Díorma um Idirghabháil Tearmainn) sainíodh 13 chatagóir do phróifílí saineolaithe (“AIP 13”). Ar an 19 Meitheamh 2012 chuimsigh an Díorma um Idirghabháil Tearmainn 345 shaineolaí ó 21 Bhallstát.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcinneadh ar bhonn na taithí a fuarthas ó EASO i gcruinniú an Bhoird Bhainistíochta ar an dáta sin. Pléadh an cheist seo sa chruinniú idir EASO agus na Pointí Teagmhála Náisiúnta don Díorma um Idirghabháil Tearmainn (AIP NCP) ar an 22 agus an 23 Bealtaine i Málta, agus í bunaithe ar an taithí a fuarthas ó fhoirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn a imscaradh go dtí an Ghréig agus Lucsamburg.

Ag cruinniú ar an 19 Meitheamh d’aisghairm an Bord Bainistíochta Cinneadh Uimh. 3 agus d’aontaigh sé ar Chinneadh Uimh. 8 ar líon foriomlán agus próifílí na saineolaithe a chuirfear ar fáil d’fhoirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn (an Díorma um Idirghabháil Tearmainn). Cé gur scriosadh nó gur athraíodh roinnt próifílí, leasaíodh cinn eile. De réir an chinnidh nua, cuimseoidh AIP 20 próifíl saineolaithe (“AIP 20”) agus beidh 100 saineolaí ar a laghad san AIP go foriomlán. D’iarr EASO ar na Ballstáit saineolaithe a ainmniú do na próifílí leasaithe faoin 1 Deireadh Fómhair 2012. Iarradh ar na saineolaithe CVanna i bhformáid Europass a chur ar fáil.

## Plean oibriúcháin do Lucsamburg

Síníodh plean oibriúcháin EASO do Lucsamburg i mí Eanáir 2012

Dhá Fhoireann Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (ASTanna) arna n-imscaradh i Lucsamburg

Tar éis brú faoi leith teacht ar a gcóras tearmainn agus an t-iarratas ina dhiaidh sin ó na húdaráis i Lucsamburg, chinn Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO ar Fhoirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn a imscaradh go Lucsamburg faoi phlean oibriúcháin a síníodh ar an 26 Eanáir 2012. Bhí tacaíocht EASO dírithe ar oiliúint a chur ar an bhfoireann nua-fhostaithe sna modúil oiliúna EASO "teicnící agallaimh" agus "cinneadh a dhéanamh" chun an t-aonad do dhídeanaithe a threisiú le pearsanra níos oilte agus cabhrú leo cur lena gcumas chun déileáil leis an mbrú as cuimse agus práinneach ar a gcóras tearmainn. Leis an bplean oibriúcháin, tá Lucsamburg tiomanta do chlár oiliúna EASO atá i gcomhréir le beartas EASO agus beartas an AE. Cuirfidh sé a chuid oiliúnóirí speisialaithe féin ar fáil amach anseo. Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí seacht n-oiliúnóir ag Lucsamburg i gceithre mhodúl éagsúla ina aonad do dhídeanaithe.

## Plean oibriúcháin don Ghréig

Cur chun feidhme phlean oibriúcháin EASO don Ghréig

Seacht bhFoireann Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn EASO is tríocha arna n-imscaradh chun dul i ngleic leis an riaráiste, ag tacú le struchtúr tearmainn inbhuanaithe agus éifeachtach a bhunú, ag tacú le caighdeán an phróisis tearmainn

Tionscadal EASO-UNHCR chun tacaíocht oibríochtúil a thabhairt don Ghréig chun dul i ngleic leis an riaráiste

Ar iarratas ó rialtas na Gréige agus i gcomhréir le plean gníomhaíochta náisiúnta na Gréige do thearmann agus bhainistiú imirce (2010) agus le Rialachán EASO, i mí Feabhra 2011, d'aontaigh EASO tacú leis an nGréig maidir le bunú na seirbhíse tearmainn nua, an tseirbhís fáiltithe tosaigh, an t-údarás nua achomharc, an fáiltiú i gcoitinne agus an laghdú ar an riaráiste trí shaineolaithe ó níos mó ná 10 mBallstát den AE a imscaradh sna Foirne Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (ASTanna). Is é is bunús don imscaradh seo ná plean oibriúcháin EASO don Ghréig, a síníodh ar an 1 Aibreán 2011 agus a bhí i bhfeidhm go dtí an 31 Márta 2013.

I 2012 soláthraíodh an tacaíocht éigeandála trí shaineolaithe EASO a imscaradh i 37 AST go dtí an Ghréig, agus 52 AST san iomlán sa tréimhse dhá bhliain. Is é a bhí sna gníomhaíochtaí seo ná foirne tacaíochta oiriúnaithe, comhdhéanta de shaineolaithe a bhí ainmnithe ag na Ballstáit agus a imscaradh go dtí na Póilíní Heilléanacha, an tseirbhís fáiltithe tosaigh, an tseirbhís tearmainn, an t-údarás achomharc agus an Aireacht Saothair, Slándála Sóisialta agus Leasa. Chomhordaigh EASO próiseas iomlán na ASTanna sa Ghréig. Bhí gníomhaíochtaí na ASTanna seo dírithe ar thacú le húdaráis na Gréige i dtaca leis an riaráiste a laghdú, struchtúir agus seirbhísí nua inbhuanaithe a bhunú, feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis tearmainn, an chlárúcháin agus na hanailíse i réimse an tearmainn agus an fháiltithe agus ábhair éagsúla eile cosúil le hacmhainn fáiltithe a mhéadú i gcás catagóirí leochaileacha agus úsáid a bhaint as na cistí dlúthpháirtíochta.

Ina theannta sin, shínigh EASO agus UNHCR comhaontú deontais (ar an 22 Samhain 2012) ar thionscadal um thacaíocht oibriúcháin i dtaca le céim na n-achomharc riaracháin den nós imeachta tearmainn sa Ghréig a neartú, lena n-áirítear riaráiste na n-achomharc a ghlanadh. Thosaigh túschéim den tionscadal chun riaráiste na n-achomharc a ghlanadh cheana féin, is é sin póilíní faoi oiliúint a aithint agus a bhailiú chun tacú le cásanna neamhghníomhacha a aithint, le comhaid fhisiciúla a thabhairt cothrom le dáta agus leis an gclárú leictreonach i mbunachar sonraí "póilíní ar líne". Dhá phóilín is nócha faoi oiliúint san Aireacht um Ord Poiblí agus Chosaint Saoránach a rinne an próiseas glantóireachta riaracháin agus an clárúchán i mbunachar sonraí de na cásanna ar feitheamh go léir, ón 1 Deireadh Fómhair 2012 go dtí an 22 Eanáir 2013. D'eagraigh an Aireacht, UNHCR agus EASO oiliúint ar leith maidir le saincheisteanna tearmainn agus cosanta idirnáisiúnta ar an 23 agus an 24 Samhain 2012.

Tá an dara céim den tionscadal (comhaontú deontais le EASO agus UNHCR) beartaithe d'Eanáir go dtí Márta 2013. Bhí sé mar aidhm ag an gcéim seo cur leis an gcumas chun agallaimh aonair de chásanna achomhairc gníomhacha

a phróiseáil agus a dhéanamh, trí 10 gcoiste achomhairc agus speisialta breise (curtha leis na 10 gcinn atá ann cheana) a bhunú (faoin 1 Aibreán 2013), lena n-áirítear tacaíocht rúnaíochta agus seirbhísí ateangaireachta.

## 1.4.4. Tacaíocht faisnéise agus anailíse

### Tuarascáil bhliantúil EASO

Foilsiú thuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach agus ar ghníomhaíochtaí na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn 2011

Chuir EASO a céad tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE le chéile i mí an Mheithimh 2012. Ag deireadh na bliana 2012, chuir EASO togra chuig an mBord Bainistíochta ag sainiú, ar dhóigh níos soiléire, fócas agus raon feidhme na tuarascála bliantúla (lena n-áirítear an togra go ndéanfaí í a scoilt ón tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil), chomh maith le ráiteas prionsabal a leag béim bhreise ar an aidhm go mbeadh an tuarascáil oibiachtúil agus cuimsitheach. Moladh clár ábhar níos mionsonraithe, ionas go mbeidh gach tuarascáil sa todhchaí struchtúrtha ar an mbealach céanna, ag cur dá bhrí sin le héascaíocht tagartha agus le hinchomparáideacht thar na blianta. Ar deireadh, moladh amchlár rialta chun a chinntiú go dtarlaíonn comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha in am trátha agus go dtugtar spriocdhátaí soiléire do gach rannpháirtí agus athbhreithneoir.

### Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta

Tuarascálacha ráithiúla EASO um anailís sonraí

Anailís sonraí le haghaidh cur i láthair do Bhord Bainistíochta EASO, Comhairle CGB, IGC, GDISC, ceardlanna EASO, comhdhálacha agus cruinnithe saineolaithe

Tuarascálacha *ad hoc* ar an tSiria agus na Balcáin Thiar

I 2012, thosaigh EASO ar a cumas anailíse a fhorbairt trí roinnt anailísí a tháirgeadh (don Bhord Bainistíochta, tuarascáil bhliantúil, Comhairle CGB, Parlaimint na hEorpa, Comhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce (GDISC), Comhdháil Idir-rialtasach (CIR) agus eile) ag baint úsáide as sonraí Eurostat. Thosaigh sí freisin ag bailiú sonraí oibríochtúla go díreach ó na Ballstáit ag baint úsáide as teimpléad bunúsach ar bhonn míosúil agus, i gcomhthéacs an chomhair phraiticiúil maidir leis an sní isteach ón tSiria, ar bhonn seachtainiúil don tSiria. Cuireadh anailísí le chéile ar na rátaí aitheantais, na Balcáin Thiar agus an tSiria. Ag deireadh na bliana 2012 d'aontaigh Bord Bainistíochta EASO go ndéanfadh EASO tuarascálacha ráithiúla, a thabharfadh forbhreathnú ginearálta ar fheidhmiú CEAS, a tháirgeadh go rialta.

Go straitéiseach, agus i gcomhthéacs comhaontaithe pholaitiúil maidir le hábhar Rialachán Bhaile Átha Cliath III (Airteagal 33), d'fhorbair EASO agus mhol sí plean céim ar chéim chun cur le cumas EASO i dtaca le bailiú sonraí agus anailís maidir le táscairí staidrimh (cáilíochtúla agus cainníochtúla araon) i réimse an tearmainn, ag tógáil ar a luath-thaithí ar anailísí ráithiúla agus *ad hoc*, móide na staitisticí arna dtáirgeadh ag na Ballstáit le haghaidh Eurostat. Sa togra seo um Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) freisin bhí coinne le Grúpa do Sholáthar Staitisticí (GPS) a bheadh comhdhéanta de shaineolaithe a d'ainmneodh na Ballstáit le bheith ina gcuid pointí teagmhála i dtaca le ceisteanna staidrimh agus bailithe sonraí i réimse an tearmainn. Oibreoidh an Grúpa do Sholáthar Staitisticí mar a oibríonn Líonra um Anailís Riosca Frontex (FRAN). Rinneadh breis oibre ar thábla mionsonraithe de 22 tháscaire chainníochtúla agus cháilíochtúla dírithe ar léargas cruinn agus cuimsitheach a thabhairt ar CEAS ar fad i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach (Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile, Eurostat) agus Frontex chun comhsheasmhacht a chinntiú agus dúbláil oibre do na Ballstáit a sheachaint.

### 1.4.5. Tacaíocht tríú tíre

#### Athlonnú

Seimineár athlonnaithe EASO

Tá an t-athlonnú ar cheann de na príomhbhearta le hagaidh dlúthpháirtíochta inmheánaí agus seachtraí. Dar le clár oibre EASO 2012, ceann de dhualgaisí EASO ab ea struchtúr malartaithe faisnéise a chur ar fáil agus gníomhaíochtaí comhair a bhunú idir na Ballstáit, ach freisin le tríú tíortha, UNHCR, IOM agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha eile.

Bhí an chéad seimineár EASO ar bheartas athlonnaithe an AE ar siúl ar an 22 agus an 23 Deireadh Fómhair 2012. Dhírigh an cruinniú ar staid na scéimeanna náisiúnta athlonnaithe, ar an maoiniú atá ar fáil ón AE le haghaidh athlonnaithe agus ar thacaíocht dlúthpháirtíochta mar a fheictear í ó thaobh dhearcadh na sochaí sóisialta de. Thug an cruinniú seo speisialtóirí athlonnaithe agus cleachtóirí beartais ón AE le chéile, den chéad uair faoi chomhordú EASO.

Thug EASO aghaidh ar thacaíocht dlúthpháirtíochta Bhallstáit an AE ag féachaint do chomhspriocanna athlonnaithe AE a bhunú. Aontaíodh go ndéanfaí comhoibriú athlonnaithe san Eoraip a chur chun cinn, ag baint úsáide chomh maith as Líonra Athlonnaithe an AE (www.resettlement.eu) mar uirlis comhoibrithe i dtaca le roinnt na faisnéise, cruinnithe ilpháirtithe leasmhara agus malartú dea-chleachtas, trí fhor-rochtain, oiliúint, cuairteanna staidéir, taighde agus píolótú ar mhodhanna nua.

Tabharfaidh Ballstáit an AE tacaíocht bhreise dá chéile i dtaca le pleanáil athlonnaithe, comhordú agus feidhmiú gníomhaíochtaí athlonnaithe trí mhalartú dea-chleachtas, agus chomhoibriú maidir le cláir nua nó inbhuanaithe a fhorbairt. Meastar go bhfuil eochair-ról ag EASO i dtaca le comhordú, ag gníomhú mar phointe fócasach agus mar éascaitheoir maidir le saineolas agus cleachtais um athlonnú de chuid an AE.

Tabharfaidh EASO tacaíocht don athlonnú éigeandála agus tionólfaidh sí cruinniú comhordaithe leis na Ballstáit agus UNHCR go luath san fhómhar gach bliain, d'fhonn na riachtanais athlonnaithe san Eoraip a aithint agus d'fhonn cuidiú leis na Ballstáit chun gealltanais bhliantúla a thabhairt agus soláthar do chomhlántacht na n-iontógálacha, i bhfianaise an maoiniú ón AE atá ar fáil sa réimse.

#### An ghné sheachtrach

Rannpháirtíocht i bpróiseas Bhúdaipeist

Rannpháirtíocht i gcruinnithe ar chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta an AE leis an Túinéis agus Maracó

Rannpháirtíocht i gcruinniú ar chomhpháirtíocht soghluaisteachta an AE leis an Iordáin

Tugann Rialachán EASO an sainordú di comhordú a dhéanamh ar an malartú faisnéise agus ar ghníomhaíocht eile a bhaineann le saincheisteanna a eascraíonn as cur chun feidhme na n-ionstraimí agus na sásraí a bhaineann leis an ngné sheachtrach de CEAS. De bhun a sainordaithe, agus i gcomhréir le hAirteagal 49, d'fhéach EASO i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach le comhoibriú le húdaráis inniúla tríú tíortha i gcúrsaí teicniúla, go háirithe chun cuidiú le forbairt acmhainní na dtríú tíortha maidir lena gcórais tearmainn agus glactha féin agus chun an fhorbairt sin a chur chun cinn agus chun cláir chosanta réigiúnacha a chur chun feidhme, agus gníomhaíochtaí eile a bheadh ábhartha maidir le réitigh sheasta.

Mar sin féin, mar a dearbhaíodh i gclár oibre EASO 2012, toisc an buiséad agus an fhoireann ar fáil i rith na bliana a bheith teoranta, ní dhíreodh EASO ach ar thascanna beaga laistigh den ghné sheachtrach. Ghlac sí páirt i gcruinnithe laistigh de chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta an AE leis an Túinéis agus Maracó, idirphlé AE-an Iordáin ar imirce, soghluaisteacht agus slándáil, agus dhearbhaigh sí a rún maidir le comhar laistigh de chreat chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta AE-an Túinéis agus AE-Maracó. Ina theannta sin, ghlac EASO páirt i gcruinnithe de

phróiseas Bhúdaipeist: bhí cruinniú amháin dírithe ar Oirdheisceart na hEorpa agus chuir EASO go mór le forbairt na ngnéithe tearmainn de phróiseas dréachtaithe Dhearbhú Réigiúin Bhealaí an tSíoda.

Ar bhonn píolótach, tá EASO ag comhoibriú freisin i gcomhthéacs thionscadal píolótach "Quality and training in the asylum processes" (Cáilíocht agus oiliúint sna próisis tearmainn) a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat thionscnamh spriocdhírithe Phróiseas Phrág. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal píolótach seo féachaint do chur chun feidhme níos leithne féideartha de chlár oiliúna churaclam oiliúna EASO i dtíortha comharsanacha Oirthearacha an AE (an Airméin, an Bhealarúis, an Chirgeastáin, an Mholdóiv, an tSeoirsia agus an Úcráin) chomh maith leis an Tuirc. I 2012, bhí cumas EASO teoranta d'fhreastal ar chruinnithe Phróiseas Phrág.

# 2. Bainistíocht agus caighdeáin rialaithe inmheánaigh

## 2.1. Bainistíocht agus eagraíocht EASO

### 2.1.1. Bord Bainistíochta EASO

Is é an Bord Bainistíochta comhlacht rialaithe agus pleanála EASO. Tugtar achoimre ar na feidhmeanna tábhachtacha in Airteagal 29 de Rialachán EASO agus ina measc tá: ceapachán an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, glacadh chláir oibre agus thuarascálacha bliantúla EASO, buiséad ginearálta EASO, agus freagracht fhoriomlán as a chinntiú go gcomhlíonann EASO a cuid dualgas go héifeachtach. Tá Bord Bainistíochta EASO comhdhéanta de chomhalta amháin ó gach Ballstát — ach amháin an Danmhairg, beirt bhall ón gCoimisiún Eorpach agus comhalta amháin, gan cead vótála, thar ceann UNHCR. Ainmnítear comhaltaí uile an Bhoird Bhainistíochta ar bhonn a dtaithí, a bhfreagrachta gairmiúla agus a n-ardleibhéil saineolais i réimse an tearmainn.

Tugtar cuireadh don Danmhairg freastal mar bhreathnadóir ar chruinnithe uile an Bhoird Bhainistíochta agus cruinnithe ábhartha eile. Tá an stádas céanna ag an gCróit, go dtí go mbeidh sí ina ball iomlán den Aontas Eorpach agus dá bhrí sin ina comhalta den Bhord Bainistíochta a mbeidh cearta vótála aici, tar éis theacht i bhfeidhm an Chonartha Aontachais idir an AE agus an Chróit an 9 Nollaig 2011.

Go hachomair tá Bord Bainistíochta EASO comhdhéanta de 28 mBall iomlána, aon bhall amháin gan vóta (UNHCR) agus dhá stát is breathnadóirí.

Le linn 2012 tugadh cuireadh do na tíortha comhlachaithe (an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin) a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i bpléití míreanna roghnaithe. Tugadh cuireadh do Frontex freisin rannchuidiú agus freastal ar phléití áirithe de chuid an Bhoird Bhainistíochta, go háirithe i dtaca le staid an tearmainn san AE, an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta agus an staid sa Ghréig.

Reáchtáil an Bord Bainistíochta ceithre chruinniú i 2012 agus ghlac sé na cinntí atá liostaithe thíos:

- Cinneadh Uimh. 7 an 9 Aibreán 2012 maidir leis an measúnú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
- Cinneadh Uimh. 8 an 19 Meitheamh 2012 maidir leis na próifílí agus líon foriomlán na saineolaithe a chuirfear ar fáil do na foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn (an Díorma um Idirghabháil Tearmainn);
- Cinneadh Uimh. 9 an 19 Meitheamh 2012 maidir le Rialacha Nós Imeachta Bhord Bainistíochta EASO;
- Cinneadh Uimh. 10 an 4 Iúil 2012 maidir le glacadh rialacha cur chun feidhme a ghabhann leis na rialacháin foirne;
- Cinneadh Uimh. 11 an 4 Iúil 2012 maidir le foireann mheánbhainistíochta;
- Cinneadh Uimh. 12 an 4 Iúil 2012 maidir leis na forálacha ginearálta cur chun feidhme i dtaca leis an nós imeachta lena rialaítear rannpháirtíocht agus úsáid a bhaint as gníomhairí sealadacha ag EASO;
- Cinneadh Uimh. 13 an 4 Iúil 2012 maidir leis na forálacha ginearálta cur chun feidhme i dtaca leis na nósanna imeachta lena rialaítear rannpháirtíocht agus úsáid a bhaint as foireann ar conradh ag EASO;
- Cinneadh Uimh. 14 an 4 Iúil 2012 ag cur coiste foirne ar bun;
- Cinneadh Uimh. 15 an 1 Samhain 2012 maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha i gcomhair imscrúduithe inmheánacha i ndáil le cosc a chur le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a bheadh díobhálach do leasanna an Aontais;
- Cinneadh Uimh. 16 an 23 Samhain 2012 a mhionsonraíonn na rialacha maidir leis na costais a bhaineann le cur chun feidhme na bpleananna oibriúcháin i dtaca le foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn a imscaradh;
- Cinneadh Uimh. 17 an 23 Samhain 2012 ar chaighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh bainistíocht éifeachtach.

### 2.1.2. Eagraíocht EASO

Tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid cúraimí dó agus is é ionadaí dlíthiúil EASO é. Tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach, *inter alia*, as bainistiú riaracháin EASO agus as cur chun feidhme an chláir oibre agus chinntí an Bhoird Bhainistíochta.

Féadfaidh EASO meithleacha comhdhéanta de shaineolaithe a bhunú de réir Airteagal 32 de Rialachán EASO.

Faigheann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tacaíocht dhíreach ó cheithre Chinn Aonaid/Ionaid, ó Chomhairleoir, ó Oifigeach Cumarsáide, ón Oifigeach Cuntasaíochta agus ó Oifigeach Dlí. Tá Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin freagrach as dréachtú doiciméad a chomhordú agus as cumarsáid inmheánach agus sheachtrach. Faoi láthair tá EASO comhdhéanta de cheithre aonad/ionad, mar seo a leanas:

- GAAU (Aonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin)
- CIDA (Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse)
- COS (Lárionad um Thacaíocht Oibriúcháin)
- CTQE (Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais)

Tagann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na ceithre Cinn Aonaid/Ionaid le chéile gach seachtain i gcruinniú foirne bainistíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí agus eagraíocht EASO.

Tá an tAonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin (GAAU) roinnte idir Roinn na nGnóthaí Ginearálta (TFC, lóistíocht, bainistíocht doiciméad/cosaint sonraí, bainistiú misin, eagrú agus slándáil imeachtaí agus cruinnithe) agus an Roinn Riaracháin (acmhainní daonna, airgeadas agus buiséad, soláthar agus conarthaí).

Ag deireadh na bliana 2012, is mar seo a leanas a bhí na 58 mball foirne dáilte: 24 bhall foirne ag GAAU, 13 bhall foirne ag CIDA; 10 mball foirne ag COS agus 11 bhall foirne ag CTQE.

Ar an 3 Meán Fómhair 2012, ghluais EASO chuig a háitreabh deifnídeach a chuir Rialtas Mhálta ar fáil ina iarracht chun bheith ina óstach do EASO. Go dtí an t-am sin, d'fheidhmigh EASO ó láthair eatramhach i Marsa, Málta. Chomh maith leis sin, aistríodh cuid d'fhoireann tacaíochta riaracháin EASO a bhí lonnaithe sa Bhruiséil go dtí an 1 Deireadh Fómhair go Málta.

Bhain EASO a neamhspleáchas airgeadais amach ar an 20 Meán Fómhair, agus ghlac sí páirt ghníomhach in imlonnú acmhainní riachtanacha agus i mbunú a foirgnimh i Málta. Go bunúsach, bhí réimsí ar nós acmhainní daonna, soláthar, airgeadas agus cuntasaíocht, lóistíocht agus TFC bainteach le hullmhú na rialacha agus na rialachán cur chun feidhme chomh maith le doiciméid inmheánacha ar an gcreat agus treoirlínte maidir le bainistiú, tuairisciú, monatóireacht agus forghníomhú na ngníomhaíochtaí faoi seach. Rinneadh líon suntasach staidéar, suirbhéanna agus anailísí ar na rialacha agus na rialacháin a bhí ann cheana féin nó ar chinn chomhchosúla, go háirithe le gníomhaireachtaí eile de chuid an AE a bhfuil taithí mhór agus dea-chleachtais acu. Mar a luadh, i 2012 chuir EASO tús le riarachán a buiséid faoi fhorálacha a cuid rialachán airgeadais — formheasta ag an mBord Bainistíochta — a bhí bunaithe ar an rialachán airgeadais den chreat AE is infheidhme maidir le gach gníomhaireacht de chuid an AE. Ina theannta sin, glacadh roinnt cinntí de Bhord Bainistíochta EASO agus den Stiúrthóir Feidhmiúcháin d'fhonn prionsabail agus caighdeáin na bainistíochta airgeadais phoiblí a áirithiú agus d'fhonn tacú le hionaid EASO ina gcuid oibríochtaí.

De bhrí gurbh í bliain tosaigh ghníomhaíocht EASO í agus chun cuspóirí oibriúcháin agus riaracháin EASO a bhaint amach, tugadh aird ar leith ar earcaíocht agus roghnú foirne, laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann le hacmhainní daonna. Ní fhéadfaí cuntasacht agus freagracht laistigh den eagraíocht a chur i gcrích ach amháin le líon leordhóthanach foirne agus saineolaithe ar bord. Dá bhrí sin, i dtéarmaí earcaíochta, líon EASO gach post a tuaradh sa phlean bunaíochta, rud a chinntigh go bhféadfaí an clár oibre do 2012 a bhaint amach go rathúil, go háirithe maidir leis na tascanna a bheadh le comhlíonadh ag na hionaid EASO.

I rith 2012, bhunaigh EASO bonneagar TFC corparáideach, bhunaigh sí roinnt seirbhísí go rathúil amhail a láithreán gréasáin (www.easo.europa.eu), ríomhphost corparáideach, tiomántán comhroinnte slán, cianrochtain ar ríomhphost tríd an idirlíon, sioncronú ríomhphost corparáideach ar fhóin phóca agus cianrochtain ar roinnt córas

corparáideach trí nasc slán ó ríomhairí soghluaiste EASO. Chuir na seirbhísí go léir atá luaite thuas ar chumas do EASO neamhspleáchas TFC a bhaint amach. Aistríodh na sonraí gnó agus príobháideacha go léir ó líonra TF agus fhreastalaithe an Choimisiúin go dtí líonra EASO go rathúil. Aistríodh an bonneagar TFC ar fad, lena n-áirítear trealamh úsáideora deiridh, ó áitreabh sealadach go háitreabh buan gan briseadh gnó.

Ghlac EASO páirt i roinnt creatchonarthaí de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta (DIGIT) maidir le ceadúnais bhogearraí agus trealamh crua-earraí. Ar an mbealach seo chinntigh EASO luach maith ar airgead maidir le seirbhísí agus éadálacha. Tháinig EASO chun bheith ina húinéir córais ar dhá thairseach mhóra — an Tír Thionscnaimh (COI) agus ardáin ríomhfhoghlama (oiliúint EASO). Ina theannta sin, aistríodh an tairseach ríomhfhoghlama go hiomlán faoi bhonneagar TFC EASO agus aistríodh saineolas go foireann EASO. Baineadh amach tacaíocht agus cothabháil thairseach COI go rathúil trí shaineolas a aistriú go foireann EASO agus trí chonradh cothabhála agus tacaíochta le cuideachta sheachtrach.

I 2012, bhí sé riachtanach an trealamh lóistíochta agus slándála bunúsach a shainiú maidir le reáchtáil EASO, chomh maith le seirbhísí riachtanacha do chothabháil foirgneamh, do shlándáil agus d'oibreacha eile. Bhí go leor comhairliúcháin leis an gCoimisiún Eorpach, d'fhonn a fháil amach a mhéid a d'fhéadfaí nósanna imeachta soláthair luathaithe a úsáid. Mar thoradh air sin, ullmhaíodh sainchomhaid soláthair le haghaidh trealaimh, seirbhísí agus oibreacha go tréan.

Le haghaidh tuilleadh sonraí ar aschur eagraíochta EASO, tá an liosta d'fhoilseacháin EASO i 2012 le fáil in Iarscríbhinn 5.3. In Iarscríbhinn 5.4 áirítear an tuarascáil maidir le rochtain ar dhoiciméid. Agus in Iarscríbhinn 5.5 tugtar tuilleadh sonraí ar chur chun feidhme bhuiséad EASO agus ar a bainistiú buiséadach agus airgeadais. Soláthraíonn Iarscríbhinn 5.6 liosta na nósanna imeachta caibidlithe eisceachtúla i 2012.

## 2.1.3. Comhoibriú le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara

### Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún Eorpach

I 2012 bhí Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO i láthair ag dhá éisteacht de chuid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) de Pharlaimint na hEorpa agus ghlac sé páirt i roinnt cruinnithe de Chomhairle CGB. Ina theannta sin, d'fhreastail EASO ag cruinnithe den Choiste Straitéiseach um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA) de Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus d'eagraigh sí cruinniú le Rúnaíocht an Choiste LIBE de Pharlaimint na hEorpa. Thairis sin, d'fhorbair EASO comhoibriú leanúnach leis an gCoimisiún Eorpach, go háirithe lena comhpháirtí Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile, ar riarachán agus ar cheisteanna beartais. Tá idirphlé beartais foirmiúil curtha ar bun idir EASO agus an Coimisiún (Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile) lena n-áirítear cruinnithe míosúla idir ceannairí na n-aonad faoi seach. Comhoibríonn EASO agus an Coimisiún go dlúth freisin maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha a bhaineann le hAirteagal 33 de dhréacht-Rialachán Bhaile Átha Cliath III, athlonnú laistigh den AE, oiliúint, cáilíocht, mionaoisigh neamhthionlactha agus rianú teaghlaigh, COI agus an Ghréig. Mar atá luaite cheana, ghlac Bord Bainistíochta EASO cinneadh ar an gcomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) d'fhonn cosc a chur le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a bheadh díobhálach do leasanna an Aontais.

### Comhar le UNHCR

Ghlac UNHCR páirt i ngach cruinniú den Bhord Bainistíochta mar bhall gan vóta, agus i meithleacha, cruinnithe saineolaithe agus ceardlanna EASO chomh maith. D'fhonn plé a dhéanamh ar an gcomhar straitéiseach agus oibríochtúil, reáchtáladh na comhairliúcháin bhainistíochta sinsearaí idir EASO agus UNHCR i mí Iúil 2012. I mí na Samhna, shínigh EASO comhaontú ranníocaíochta leis an UNHCR, arb é ab aidhm dó tacú leis an nGréig i dtaca le hacmhainní a thógáil ina córas tearmainn agus dul i ngleic leis an riaráiste de chásanna tearmainn. Ina theannta sin, tionóladh na chéad chruinnithe chun creat-shocrú oibre idir EASO agus UNHCR a chaibidliú, sa cheathrú ráithe de 2012.

### Comhar le tíortha comhlacha

Maidir leis an gcomhar leis na tíortha comhlachaithe (an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin), fuair an Coimisiún Eorpach sainordú ón gComhairle dul i mbun caibidlíochtaí a bhain le socrú oibre do rannpháirtíocht na gceithre thír sin ar an 13 Eanáir 2012. Tharla trí bhabhta de chaibidlíochtaí i 2012: ar an 21 Bealtaine, ar an 7 Meán Fómhair agus ar an 10 Deireadh Fómhair inar ghlac EASO páirt mar bhreathnóir iontu. Táthar ag súil go dtabharfar na socruithe chun críche i 2013; cuirfidh siad ar chumas na dtíortha comhlachaithe a bheith rannpháirteach go foirmiúil in obair EASO.

I 2012 tugadh cuireadh d'ionadaithe na Cróite chun freastal ar chruinnithe Bhord Bainistíochta EASO mar bhreathnóirí, tar éis shíniú an Chonartha Aontachais idir an AE agus an Chróit ar an 9 Nollaig 2011. Lean an Danmhairg de bheith rannpháirteach in EASO mar bhreathnóir.

### Comhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an AE

I rith 2012 cuireadh feabhas ar an gcomhar déthaobhach agus iltaobhach le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an AE. Cheangail EASO le gréasán comhordaithe ghníomhaireachtaí an AE agus le gréasán ghníomhaireachtaí CGB. Ghlac Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO páirt i gcruinniú cheannairí ghníomhaireachtaí CGB i mí na Nollag, agus rannchuidigh ionadaithe EASO le dhá chruinniú grúpa teagmhála CGB agus le cruinnithe ábhartha de ghréasán comhordaithe ghníomhaireachtaí ginearálta an AE. Ag an leibhéal déthaobhach, chuir EASO socrú oibre le Frontex i gcrích i mí Mheán Fómhair d'fhonn comhoibriú dlúth a chur chun cinn i réimsí comhleasa a bhaineann le bainistiú teorann agus cosaint idirnáisiúnta. Rannchuidigh EASO freisin le bunú Fhóram Comhchomhairleach Frontex agus tháinig sí chun bheith ina ball buan den chomhlacht sin, agus rannpháirteach ina chéad chruinniú i mí na Nollag. D'fhorbair EASO dlúthchomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), ag seoladh réamhphléití sa tríú ráithe de 2012 chun socrú oibre a chur i gcrích.

I rith na bliana, ghlac EASO páirt i gcruinnithe de na comhairliúcháin idir-rialtasacha ar imirce, tearmann agus dídeanaithe (CIR), Comhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce (GDISC), an Chomhairle Thrasatlantach ar Imirce, agus Acadamh an Dlí Eorpaigh (ERA).

## 2.1.4. An Fóram Comhchomhairleach agus comhar leis an tsochaí shibhialta

I rith 2012, lean EASO de bheith ag neartú a caidrimh leis an tsochaí shibhialta agus d'fhás ballraíocht an Fhóraim Chomhchomhairligh go dtí 55 eagraíocht. I rith na bliana, chuaigh EASO i gcomhairle le heagraíochtaí cláraithe den tsochaí shibhialta ar réimsí éagsúla dá cuid oibre: an clár oibre bliantúil, tuarascáil bhliantúil 2011, oiliúint, cáilíocht, measúnú aoise, an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta, athlonnú agus COI. Fuair EASO rannchuidiú ó na heagraíochtaí sin maidir leis an tuarascáil bhliantúil, modheolaíocht thuarascáil COI, measúnú aoise agus modúil oiliúna. Thug EASO cuireadh freisin d'eagraíochtaí den tsochaí shibhialta chun páirt a ghlacadh sa chomhdháil ar an Afganastáin i mí na Samhna a bhí oscailte do na Ballstáit, comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí, lucht acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Bhí an tinreamh ina ábhar misnigh agus taispeánadh go mbíonn an toradh níos cuimsithí nuair a thagann gníomhaithe éagsúla le chéile chun plé a dhéanamh ar théamaí sonracha.

I gcomhar leis an ngrúpa comhairleach, tharraing EASO suas plean oibríochta don Fhóram Comhchomhairleach. Soláthraíonn an plean oibríochta na paraiméadair ghinearálta le haghaidh comhairliúcháin a chuirfear i bhfeidhm go córasach, creat le haghaidh comhairliúcháin atá comhtháite ach solúbtha go leor freisin ar mhaithe le riachtanais chomhairliúcháin shonracha *ad hoc* a d'fhéadfadh a bheith riachtanach ó am go ham. Tar éis é a bheith glactha ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, thacaigh an Bord Bainistíochta leis i mí Mheán Fómhair 2012. D'ainmnigh EASO pointe teagmhála an Fhóraim Chomhchomhairligh, mar phointe teagmhála singil leis an tsochaí shibhialta, a áirithíonn cumarsáid níos éasca agus níos éifeachtaí idir gníomhaithe éagsúla na sochaí sibhialta agus na haonaid éagsúla laistigh de EASO.

D'eagraigh EASO an dara cruinniú iomlánach ar an 26 Samhain 2012. Cé go dtéann EASO i gcomhairle le heagraíochtaí éagsúla i rith na bliana, tá an cruinniú iomlánach tar éis éirí ina ócáid mhór i bhféilire ghníomhaíochtaí EASO a mheallann thart ar 75 rannpháirtí ar eagraíochtaí neamhrialtasacha ag obair i réimse an tearmainn an chuid is mó acu.

Labhair gníomhaithe éagsúla mór le rá i réimse an tearmainn agus na himirce leis an bhfóram i mbliana, lena n-áirítear an Feisire Onórach ó Pharlaimint na hEorpa Cecilia Wikstrom, Uasal agus Cathryn Costello, Uasal ó Ollscoil Oxford. Ag an gcruinniú seo chuir EASO plean oibriúcháin an Fhóraim Chomhchomhairligh i láthair. Thairis sin, bhí deis ag na rannpháirtithe plé a dhéanamh ar tháirgí agus sheirbhísí tábhachtacha EASO le linn fo-sheisiún, amhail tuarascáil bhliantúil EASO, clár oibre bliantúil EASO 2014, oiliúint, cáilíocht agus mionaoisigh neamhthionlactha, agus an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta. Chuir EASO i láthair chomh maith dréacht-fhéilire gníomhaíochtaí comhairliúcháin le linn 2013, ar ghlac na rannpháirtithe go maith leis.

Chuir eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta in iúl a dtoilteanas dul i dteaghmháil níos dlúithe le EASO agus saineolas ábhartha a sholáthar. Chuir EASO fáilte roimh mholtaí agus thograí ón tsochaí shibhialta maidir le hábhar agus le próiseas araon agus thug sí geallúint go gcuirfí san áireamh ina cuid oibre le linn 2013 iad a mhéid ab fhéidir.

## 2.2. Caighdeáin rialaithe inmheánaigh EASO

Cuirfidh EASO rialuithe inmheánacha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí oibríochtúla éifeachtach agus éifeachtúil, go bhfuil na ceanglais dlí agus rialála á gcomhlíonadh agus go bhfuil na próisis airgeadais agus bhainistíochta eile éifeachtach agus iontaofa. Beidh na caighdeáin seo coibhéiseach leis na cinn arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh a ranna agus a sheirbhísí féin. I dtaca leis seo, ghlac an Coimisiún Eorpach 16 chaighdeán rialaithe inmheánaigh ina theachtaireacht (SEC(2007) 1341) an 16 Deireadh Fómhair 2007. Leis seo, ghlac Bord Bainistíochta EASO Cinneadh Uimh. 17 an 23 Samhain 2012 maidir le caighdeáin rialaithe inmheánaigh do bhainistíocht éifeachtach.

Tá na 16 chaighdeán rialaithe inmheánaigh le haghaidh bainistíocht éifeachtach curtha chun feidhme mar seo a leanas:

1. **Misean**

Tá ráiteas misin EASO soiléir agus tá clár oibre agus gníomhaíochtaí EASO díorthaithe ón misean seo.

2. **Luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla**

De bhrí gur glacadh le cód dea-iompair riaracháin agus go bhfuil teacht air ag gach ball foirne, mar aon leis na Rialacháin Foirne, cinntítear go bhfuil treoir phraiticiúil ar fáil ar iompar eiticiúil, coinbhleachtaí leasa a sheachaint, calaois a chosc agus neamhrialtachtaí a thuairisciú. Áirithíonn an bhainistíocht feasacht foirne leanúnach, agus déantar baill foirne nua a ionduchtú maidir le luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla EASO.

3. **Leithdháileadh agus soghluaisteacht foirne**

Tá leithdháileadh agus earcú foirne i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí EASO. Cinntíonn plean beartais foirne ilbhliantúil EASO go ndéantar riachtanais foirne a ailíniú le gníomhaíochtaí pleanáilte EASO. I 2012, bhí EASO fós ag céim an bhunaithe agus bhí an earcaíocht ar cheann de na tascanna lárnacha. Bhí pleanáil roimh ré ar siúl, ag ailíniú riachtanais agus thosaíochtaí EASO.

4. **Measúnú agus forbairt foirne**

Tá sé beartaithe measúnú bliantúil ar fheidhmíocht foirne a chur i bhfeidhm i 2013. I 2012 cheana féin glacadh bearta maidir le cur chun feidhme tapa i 2013. Beidh meastóireachtaí foirne bunaithe ar chuspóirí foirne arna sannadh. Thairis sin, bhí pleananna forbartha foirne á n-ullmhú i gcomhréir le plean beartais foirne ilbhliantúil EASO. Déantar riachtanais oiliúna a nascadh leis na cuspóirí aonair agus na cuspóirí aonair leis na cinn eagraíochtúla. Déantar gach ball foirne a chomhairliú agus a spreagadh chun deiseanna agus riachtanais chuí foghlama agus forbartha a aithint i gcomhaontú leis an mbainistíocht líne.

5. **Cuspóirí agus táscairí feidhmíochta**

I 2012 d'oibrigh EASO ar bhonn sraithe ar leith de chuspóirí i gcomhréir le prionsabal SMART (sainiúil, intomhaiste, insroichte, réalaíoch, tráthúil). Maidir le clár oibre EASO 2014 tá príomhtháscairí sonracha feidhmíochta curtha ar bun. Sa tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012 seo, tá nasc déanta cheana féin le príomhtháscaire feidhmíochta EASO, féach mír 1.3.

6. **Próiseas bainistíochta riosca**

Próiseas leanúnach is ea bainistíocht riosca, ag breathnú ar ghníomhaíochtaí EASO uile, ó ghníomhaíochtaí airgeadais, pleanála agus oibríochtúla go dtí leanúnachas gnó agus bainistíocht foirne. Bíonn scagadh riosca ar siúl, cibé an mbaineann sé le nósanna imeachta airgeadais nó soláthair, nó le gníomhaíochtaí oibríochtúla. I 2012, bhí EASO fós ag céim an bhunaithe agus níor tharla measúnú iomlán riosca. I 2013, rachaidh EASO i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú riosca a dhéanamh agus clár riosca a chruthú.

7. **Struchtúr oibríochtúil**

Tá struchtúr oibríochtúil agus eagrúchán inmheánach EASO sainithe go soiléir i gcomhréir le cairt eagraíochta EASO. Déantar tarmligean údaráis a dhoiciméadú agus a chur in iúl do na baill foirne ábhartha go soiléir. Tá na gníomhaithe airgeadais go léir sainaitheanta go soiléir agus iad ar an eolas maidir lena rólanna agus a bhfreagrachtaí. I 2012 bhí EASO ag obair fós ar struchtúr maith rialachais TF a bhunú ar a mbeidh an obair ag leanúint ar aghaidh i 2013.

8. **Próisis agus nósanna imeachta**

Déantar próisis agus nósanna imeachta príomhúla EASO, oibríochtúil nó riaracháin, a thuairisciú, a chur ar bhonn foirmiúil agus a chur chun feidhme. Cuireadh na próisis agus na nósanna imeachta airgeadais príomhúla chun feidhme amhail ón 20 Meán Fómhair 2012. Toisc go bhfuil EASO fós ag céim na foghlama, na hoiriúnaithe agus an eispéiris, déantar monatóireacht leanúnach ar na próisis agus na nósanna imeachta agus iad a oiriúnú más gá. Ardaítear feasacht na foirne trí nósanna imeachta cumarsáide inmheánacha agus faigheann baill foirne nua pacáiste fáiltithe fairsing ina bhfuil cur síos ar na próisis is tábhachtaí. I 2012, d'oibrigh EASO ar "lámhleabhar EASO" atá le bheith réidh i 2013.

9. **Maoirseacht bainistíochta**

Déantar maoirseacht bainistíochta a áirithiú trí chruinnithe foirne bainistíochta rialta agus na cruinnithe foirne éagsúla sna hionaid oibríochta agus san aonad/sna haonaid riaracháin. Faigheann an mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm tionscadail tacaíocht ó thuairisciú rialta don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus do Bhord Bainistíochta EASO. Áirithítear monatóireacht bainistíochta ar idirbhearta airgeadais trí róil airgeadais a shainaithint go cuí (i.e. oifigigh údaraithe, gníomhairí tionscnaimh agus gníomhairí fíoraithe) agus trí thacaíocht ó sheicliostaí éagsúla.

10. **Leanúnachas gnó**

Maidir le leanúnachas gnó, i 2012, i dtaca le gach gníomhaíocht riaracháin agus oibríochtúil EASO earcaítear dóthain foirne chun a chinntiú go mbíonn dóthain cúltacaí ar fáil do gach tasc. Thairis sin, ar deireadh bhí an fhéidearthacht ann gur féidir baill foirne EASO a chur le tionscadail áirithe nuair a bhíonn gá leis. Tá sé seo á chleachtadh cheana féin ar an leibhéal oibríochtúil agus an leibhéal riaracháin araon. Níl plean leanúnachais gnó iomlán, lena n-áirítear forálacha maidir le cad ba cheart a dhéanamh nuair a bhuaileann tubaistí nádúrtha obair EASO, ann fós. I 2012, thug EASO tús áite go hiomlán do bhunú na struchtúr bunúsach. I 2013/14, déanfaidh EASO tuilleadh oibre ar phlean leanúnachais gnó.

11. **Bainistíocht doiciméad**

Tá próisis agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil bainistiú doiciméad EASO sábháilte, éifeachtach (go háirithe maidir le haisghabháil faisnéise cuí) agus go gcomhlíonann sé reachtaíocht infheidhme. Tá bainisteoir doiciméad/oifigeach cosanta sonraí ag feidhmiú ag EASO.

12. **Faisnéis agus cumarsáid**

Cuireann cumarsáid inmheánach ar chumas don bhainistíocht agus don fhoireann a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear i réimse an rialaithe inmheánaigh. Tá straitéis chumarsáide seachtraí ag EASO, a ghlac Bord Bainistíochta EASO i mí an Mheithimh 2012, chun a chinntiú go bhfuil a cumarsáid sheachtrach éifeachtach, comhtháite agus i gcomhréir le príomhtheachtaireachtaí polaitiúla EASO. I 2012, d'oibrigh EASO go dian ar a láithreán gréasáin atá le seoladh go luath i 2013.

13. **Cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais**

Cheap Bord Bainistíochta EASO Oifigeach Cuntasaíochta EASO ar an 8 Meitheamh 2012. Chuaigh cuntasóir EASO i mbun oifige ar an 16 Lúnasa. Tá an fhreagracht as cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais ar an Oifigeach Cuntasaíochta, atá ag feidhmiú rialuithe agus anailíse breise ó baineadh amach neamhspleáchas airgeadais ar an 20 Meán Fómhair 2012, m.sh. seiceálacha sula ndéantar íocaíochtaí, réitigh chuntas, anailís ar chuntais agus iarmhéideanna, etc.

14. **Meastóireacht ar ghníomhaíochtaí**

Déantar meastóireacht ar ghníomhaíochtaí uile EASO. Déantar aiseolas ó na meastóireachtaí seo a dhoiciméadú agus a anailísiú chun forbairt agus feabhsú leanúnach ar ghníomhaíochtaí todhchaí a chinntiú. Toisc go bhfuil EASO fós sna blianta tosaigh dá hoibríochtaí, déantar gníomhaíochtaí a mheasúnú go hinmheánach nó go seachtrach le rannpháirtithe, páirtithe leasmhara nó an Fóram Comhchomhairleach (trí fhoirmeacha meastóireachta).

Samplaí de ghníomhaíochtaí meastóireachta EASO:

— scórchlár ghníomhaíochtaí EASO faoi Chéim I den Phlean Oibriúcháin don Ghréig;
— foirm mheastóireachta chaighdeánach do phleananna tacaíochta éigeandála agus speisialta;
— meastóireacht phróisis cháilíochtúil ar tháirgí insoláthartha laistigh de thacaíocht éigeandála agus speisialta, m.sh. meastóireacht ar an bplean oibriúcháin i Lucsamburg Eanáir/Feabhra 2012;
— foirm mheastóireachta don Fhóram Comhchomhairleach iomlánach;
— meicníocht aiseolais le haghaidh oiliúint EASO, cruinnithe saineolaithe agus ceardlanna eile trí fhoirmeacha arna ndearadh go sonrach, trí phléití le linn cruinnithe agus trí chruinnithe meastóireachta leis an bhfoireann;
— measúnú/anailís theagascach ar uirlisí agus ábhar oiliúna EASO;
— pléití le Pointí Teagmhála Náisiúnta le linn cruinnithe NCP maidir leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla éagsúla (oiliúint, tacaíocht oibríochtúil, etc.).

I 2013, déanfaidh EASO dul chun cinn breise i dtaca leis na gníomhaíochtaí meastóireachta éagsúla a struchtúrú.

15. **Measúnú ar chórais rialaithe inmheánaigh**

Chun í féin a ullmhú dá neamhspleáchas airgeadais ar an 20 Meán Fómhair 2012, rinne EASO measúnú ar conas mar a rinne sí rialuithe inmheánacha a chomhlíonadh agus ar a n-éifeachtacht. Mar gheall ar an féinmheasúnú seo, a rinneadh i mí Lúnasa 2012, glacadh bearta breise chun córais rialaithe inmheánaigh EASO a neartú. Déanfar féinmheasúnuithe a phleanáil uair nó faoi dhó sa bhliain.

16. **Cumas iniúchta inmheánaigh**

N/B

## 2.3. Cur i bhfeidhm ag EASO den treochlár ar an obair leantach ar an gcur chuige comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE

I mí Iúil 2012, ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an cur chuige comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE; ba é seo an chéad chomhaontú polaitiúil agus an chéad treoirphlean polaitiúil do ghníomhaireachtaí. Is iad a phríomhchuspóirí ná rialachas feabhsaithe, éifeachtúlacht fheabhsaithe,

cuntasacht fheabhsaithe agus comhchuibheas níos fearr. Sa treochlár seo tá 90 tionscnamh le glacadh ag na gníomhaithe uile lena mbaineann: an Coimisiún Eorpach, gníomhaireachtaí an AE, na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Mar ghníomhaireacht nua-thionscanta, comhlíonann EASO cheana féin an chuid is mó d'fhorálacha an treochláir. Tá EASO i gcomhar leis an gCoimisiún ag obair chun cúpla gníomh a chur i gcrích ar gá fós iad a dhéanamh.

In Iarscríbhinn 5.7 tugtar forbhreathnú iomlán ar chur chun feidhme EASO na dtionscnamh seo a bhí dírithe ar ghníomhaireachtaí an AE.

# 3. Bloic thógála ionsar an Dearbhú Ráthaíochta

## 3.1. Bloc tógála 1: Measúnú ag an mbainistíocht

Ag féachaint do thacú le dlíthiúlacht agus rialtacht, glacadh na caighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh bainistíocht éifeachtach. Tá siad seo curtha i bhfeidhm trí ghlacadh le nósanna imeachta le haghaidh beagnach gach próisis airgeadais; fuair an fhoireann reachtúil go léir, arna sannadh chun dualgais oibreoirí airgeadais a chomhlíonadh, an oiliúint is gá ar na nósanna imeachta agus na rialacha gaolmhara.

De bhrí go gcuirtear bainistíocht fhónta airgeadais chun cinn mar threoirphrionsabal i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid, tá an leibhéal barainneachta, éifeachtachta agus éifeachtúlachta a bhaintear amach, i ndáil le hidirbhearta airgeadais, i gcomhréir le hinfhaighteacht na foirne a shanntar chuig na tascanna seo, sa chomhthéacs tionscanta eagraíochta ó baineadh amach neamhspleáchas airgeadais ar an 20 Meán Fómhair 2012 ar aghaidh.

Chun críche an chalaois a chosc, glacadh agus cuireadh in iúl don fhoireann go léir na rialacha agus na nósanna imeachta a rialaíonn an comhar le OLAF.

## 3.2. Bloc tógála 2: Torthaí ó iniúchtaí 2012

### 3.2.1. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh inmheánach

Thug an tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh (IAS), seirbhís de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, cuairt ar EASO ar an 7 agus an 8 Samhain 2012 i dtaca le measúnú riosca teoranta. Aithníodh go bhfuil roinnt mhaith nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm ag EASO cheana, ach gur gá di tógáil air seo a thuilleadh.

Thug IAS cuairt ar EASO a lean ón 11 Aibreán go dtí an 19 Aibreán 2013 i dtaca le measúnú riosca iomlán agus athbhreithniú teoranta ar chaighdeáin rialaithe inmheánaigh. Déanfaidh IAS a gcuid torthaí a thiomsú in dhá thuarascáil aimsithe fíoras agus tarraingeoidh sí suas plean straitéiseach iniúchta inmheánaigh 2014-16.

Tar éis féinmheasúnú EASO ar chur chun feidhme na gcaighdeán rialaithe inmheánaigh, agus i gcomhréir leis na réamh-mholtaí ón tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh, neartóidh EASO go háirithe na rialuithe inmheánacha seo a leanas ar a bhfuil EASO ag obair cheana féin:

- ICS 2. Cuir creat eiticiúil ar bhonn foirmiúil
- ICS 4. Bunaigh creat le haghaidh meastóireacht agus forbairt foirne bhliantúil
- ICS 5. Úsáid níos mó a bhaint as táscairí feidhmíochta
- ICS 6. Cuir próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm
- ICS 7. Neartaigh struchtúr rialachais TF EASO
- ICS 10. Bunaigh creat leanúnachais gnó

D'fhonn freastal ar mholtaí IAS, tarraingeoidh EASO suas plean gníomhaíochta um chur chun feidhme.

### 3.2.2. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh seachtrach

Níl aon torthaí iniúchta de chuid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) maidir le hiniúchtaí arna ndéanamh i 2012 mar bhí EASO spleách ó thaobh airgeadais ar an gCoimisiún Eorpach (Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile). Thug ECA cuairt ar EASO a lean ón 20 go dtí an 24 Bealtaine 2013 don chéad iniúchadh seachtrach. Thiomsaigh ECA a gcuid torthaí i réamhthuarascáil iniúchóireachta ar an mbliain 2012.

Measann ECA go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuarthas leordhóthanach agus oiriúnach mar bhonn dá ráiteas dearbhaithe. Is é tuairim ECA go dtaispeánann cuntais bhliantúla EASO go cothrom, i ngach slí ábhartha, a staid airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2012. Is é tuairim ECA go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais bhliantúla don bhliain dar chríoch ar an 31 Nollaig 2012 dlíthiúil agus rialta i ngach slí ábhartha.

D'eisigh ECA roinnt tuairimí, mar shampla, maidir le tabhairt anonn de EUR 0.2 milliún nach raibh clúdaithe ag gealltanas dlíthiúil agus dá bhrí sin a bhí neamhrialta; 50 íocaíocht, arbh ionann iad agus thart ar 20 % de líon iomlán na n-íocaíochtaí, a rinneadh tar éis na spriocdhátaí arna leagan síos ag an rialachán airgeadais; méid mór leithreasaí geallta a tugadh anonn, arbh ionann iad agus 65.13 % de na leithreasaí geallta go léir, agus go bhféadfaí feabhas a chur ar thrédhearcacht na nósanna imeachta earcaíochta. Sheol EASO dréacht-fhreagra chuig ECA, agus ghlac sí beart láithreach don bhliain 2013 agus ina dhiaidh.

## 3.3. Bloc tógála 3: Obair leantach maidir le háirithintí agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh iniúchtaí ó bhlianta roimhe sin

N/B

# 4. An dearbhú ráthaíochta

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos,

Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn,

I mo cháil mar oifigeach údarúcháin,

Maidir leis na gníomhartha agus gealltanais ó bhain EASO neamhspleáchas airgeadais amach ar an 20 Meán Fómhair 2012,

A dhearbhú go dtugann an t-eolas atá sa tuarascáil seo léargas fíor agus cothrom.

A lua go bhfuil dearbhú réasúnta agam go ndearnadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí a thuairiscítear sa tuarascáil seo a úsáid chun na críche a beartaíodh dóibh agus i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, agus go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart bunúsach.

Tá an dearbhú réasúnta seo bunaithe ar mo bhreithiúnas féin agus ar an eolas atá ar fáil agam, amhail torthaí an fhéinmheasúnaithe, rialuithe *ex post*, tuairimí ón tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

A dheimhniú nach bhfuil mé ar an eolas faoi rud ar bith nach bhfuil tuairiscithe anseo a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna EASO agus na n-institiúidí i gcoitinne.

Arna dhéanamh i gCuan Valletta an 14 Meitheamh 2013,

ARNA SHÍNIÚ an 14 Meitheamh 2013

Dr Robert K. Visser
Stiúrthóir Feidhmiúcháin

An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn
EASO: Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil 2012
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2013 — 31 lch. — 21 × 29.7 cm
ISBN 978-92-9243-010-8
doi: 10.2847/49986

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith san AE) (*).

  (*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Síntiúis a bhfuil praghas orthu:**

- ó dháileoirí tráchtála de chuid Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

BZ-AD-13-001-GA-N

ISBN 978-92-9243-010-8

Oifig na bhFoilseachán

doi:10.2847/49986